# Tuarascáil Bhliantúil 2022

## Formheasta

C: 15.06.23: 4c
Meitheamh 2023

# Clár Ábhar


**Brollach** ........................................ 5

**Réamhrá** ........................................ 8

**1. Achoimre ar obair CNCM in 2022** ........................................ 10

**2. Dul chun cinn obair CNCM in 2022** ........................................ 16

Sprioc Straitéiseach 1 – Curaclam agus Measúnú ........................................ 16

Sprioc Straitéiseach 2 - Rannpháirtíocht agus Comhoibriú ........................................ 20

Sprioc Straitéiseach 3 - Eolas agus Taighde ........................................ 26

Cumasóir Straitéiseach 1 – Daoine agus Cultúr Eagraíochtúil ........................................ 29

Cumasóir straitéiseach 2 – Rialachas ........................................ 30

Cumasóir Straitéiseach 3 – Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide ........................................ 33

Cumasóir Straitéiseach 4 – Cumarsáid ........................................ 35

3. MAIDIR LE CNCM ........................................ 39

**Fís** ........................................ 39

**Misean** ........................................ 39

**Rialachas** ........................................ 39

**Freagrachtaí na Comhairle** ........................................ 40

**Struchtúr na Comhairle** ........................................ 42

**Cothromaíocht Inscne i mballraíocht na Comhairle** ........................................ 46

**Soláthar Glas agus Éifeachtúlacht Fuinnimh** ........................................ 46

**Comhionannas agus Cearta Daonna** ........................................ 47

**Achtanna na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus 2021** ........................................ 47

**Comhlachtaí Stáit do Sholáthar Faisnéise do Chomhaltaí den Oireachtas** ........................................ 48

**An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca** ........................................ 48

**An Coiste Rialachais (CR)** ........................................ 48

**Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costas** ........................................ 49

**Príomhathruithe Pearsanra** ........................................ 52

**Nochtadh a Éilítear de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)** ........................................ 52

**Miondealú ar na Sochair Ghearrthéarma a fhaigheann Fostaithe** ........................................ 53

**Costais agus Socraíochtaí Dlíthiúla** ..... 53

**Costais Chomhairliúcháin** ..... 54
Táillí gairmiúla agus comhairliúcháin ..... 54

**Caiteachas Fáilteachais** ..... 54

**An Ráiteas Comhlíontachta i leith an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú** ..... 55

**Cosaint Leanaí** ..... 56

**Foireann** ..... 56

**Boird agus Grúpaí Forbartha** ..... 59

**Airgeadas** ..... 59

**Aguisín 1: Cruinnithe CNCM in 2022** ..... 61

**Aguisín 2: Cuir i láthair CNCM (rogha) in 2022** ..... 63

**Aguisín 3: Tuarascáil ar nochtadh cosanta** ..... 65

**Aguisín 4: An Ráiteas ar Rialú Inmheánach** ..... 66

**Raon na Freagrachta** ..... 66

**Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh** ..... 66

**CNCM agus an Córas Rialaithe Inmheánaigh** ..... 66

**An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca** ..... 68

**Rialú Inmheánach** ..... 68

**Creat Riosca agus Rialaithe** ..... 69

**Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach** ..... 70

**Tuarastail agus Pá** ..... 70

**Soláthar** ..... 71

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht** ..... 71

**Fadhbanna maidir le Rialú Inmheánach** ..... 72

# Brollach

In 2022 tháinig Éire amach as paindéim COVID a raibh, ar feadh an dá bhliain roimhe sin, tionchar nach beag aici ar shaol an uile dhuine againn, daoine óga i suíomhanna luathóige agus i scoileanna san áireamh. Agus an teacht amach sin ar siúl, bhí foireann agus comhaltaí comhairle CNCM ábalta, arís eile, a bheith ag obair le chéile i bpearsa agus, ag an am céanna, dea-chleachtais ar líne a shainaithint agus a choinneáil a d'fhóin go maith don eagraíocht le linn 2020 agus 2021.

Chomh maith le bheith ina thús leis an tréimhse iar-COVID, le linn na chéad cheathrún de 2022 críochnaíodh téarma oifige na Comhairle a bhí ann ag an am agus cheap an tAire Norma Foley, TD, Comhairle nua i mí an Mhárta le haghaidh téarma ceithre bliana go dtí Feabhra 2026. Go gairid tar éis a ceapacháin, leathnaigh an tAire ballraíocht na Comhairle chun ainmniúchán scoláire a chur san áireamh den chéad uair le ré beagnach 40 bliain na Comhairle. Cé gur mór an tábhacht a bhaineann le guth an pháiste/an scoláire in obair CNCM le blianta fada, tá an cinneadh beartais seo tar éis scoláirí dara leibhéal a neartú agus a dhaingniú mar chomhpháirtí oideachais maidir le CNCM ag forbairt an churaclaim agus a comhairle maidir le curaclam agus measúnú.

Go luath ina téarma, d'fhoilsigh an Chomhairle nua *Plean Straitéiseach, 2022–2025* inar leag sí amach treochlár ardleibhéil uaillmhianach agus corraitheach atá deartha chun forbairtí a stiúradh agus a chothú maidir le cúrsaí curaclaim agus measúnaithe atá sách forleathan ionas go mbeidh páistí agus scoláirí uile in ann eispéiris thaitneamhacha, rannpháirteacha, ábhartha agus atá dúshlánach go cuí a bheith acu chomh maith le tairbhe a bhaint astu, chun tacú le foghlaim, maireachtáil, cúnamh, cúram, agus obair i saol a bhíonn ag athrú i gcónaí. Mheasc an straitéis sin cruthaitheacht agus nuálaíocht le réadúlacht agus pragmatachas, agus bhí sí freisin solúbtha go leor chun athrú a cheadú le linn a saolré.

Tá ceithre réimse gníomhaíochta – taighde, líonraí, comhairliúchán, agus machnamh – fós ag an gcroílár sa chaoi a bhforbraíonn CNCM a comhairle don Aire. Tá seo, ar a sheal, tar éis a fhágáil gur féidir leis an gcomhairle sin a bheith bunaithe ar fhianaise, atriallach agus sofhreagrach le páistí/scoláirí agus cleachtóirí/múinteoirí ag croí chinntí curaclaim agus measúnaithe na Comhairle. Tá aidhm ag cinntí mar seo leanúint de bheith ag cur chun cinn caighdeáin arda cáilíochta, cothroime agus ionchuimsithe san oideachas.
Léiríonn an Tuarascáil Bhliantúil seo do 2022 méid an tsaothair a chuir an Chomhairle, a bhfochoistí, Meithleacha Forbartha agus Boird, agus foireann CNCM i gcrích. Mar is féidir a fheiceáil sna leathanaigh seo a leanas, bhí méid agus castacht shuntasach ag baint leis an saothar. I measc cuid de na príomhréimsí bhí:

- cur i gcrích chéim 1 den phróiseas chun nuashonrú a dhéanamh ar Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige
- cur i gcrích Chreatchuraclam na Bunscoile, an chéad chreat dá chineál don oideachas bunscoile in Éirinn.
- foilsiú na chéad tuarascála ón staidéar nua fadama ar chur i láthair agus cur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach
- foilsiú an chéad Athbhreithnithe ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach ar thoradh í ar athbhreithniú fairsing agus leathnaitheach ceithre bliana ar oideachas na sraithe sinsearaí.

Chuireamar tús freisin le príomhshnáitheanna oibre de bhun tosaíochtaí a leag an tAire amach ina freagairtí ar Thuarascáil Chomhairleach na Comhairle, agus thosaíomar príomhréimsí taighde chun taca a chur faoi athfhorbairt an churaclaim bunscoile agus nuashonrú Aistear. Chomh maith leis sin, leanamar de bheith ag cur ar fáil raon leathan tacaí praiticiúla le haghaidh teagaisc, foghlama agus measúnaithe, lena n-áirítear samplaí den oideolaíocht sa luathóige agus oideachas bunscoile; saothar an scoláire agus míreanna measúnaithe d'ábhair na sraithe sóisearaí; acmhainní chun tuairisciú do thuismitheoirí; agus chuireamar le socruithe measúnaithe do na scrúduithe Ardteistiméireachta don scoilbhliain 2022/2023.

Leagann an Tuarascáil Bhliantúil seo amach obair rialachais chorparáidigh CNCM. Cosúil le curaclam agus measúnú, lean an saothar seo de bheith fairsing agus dúshlánach le linn 2022. I mbliana, agus trí thacaíocht an Fhorais Riaracháin, chuireamar i gcrích athbhreithniú seachtrach ar an gComhairle. Tá mórán ábhar machnaimh agus comharthaí cabhracha curtha ar fáil ag na moltaí sa tuarascáil maidir le conas a d'fhéadfadh an Chomhairle leanúint de bheith ag feabhsú a rialachais agus a héifeachtachta. D'fhorbraíomar freisin plean gnímh nua mar fhreagairt ar thorthaí ó Shuirbhé Rannpháirtíochta Fostaithe na Státseirbhíse (CSEES) 2020 agus d'ullmhaíomar an chéad Bheartas um Shonraí Oscailte de chuid na Comhairle mar thacaíocht do na Rialacháin nua ar Shonraí Oscailte agus athúsáid Faisnéise Earnála Poiblí (2021). Ina theannta sin, rinne foirne Seirbhísí Corparáideacha maoirseacht ar bhainistíocht éifeachtach freagrachtaí ó lá go lá sna réimsí airgeadas, acmhainní daonna, soláthar, seirbhís do chustaiméirí, sláinte agus sábháilteacht, agus Saoráil Faisnéise. Bhí folláine foirne fós ina príomhthosaíocht i rith na bliana de réir mar a tacaíodh le baill foirne agus iad ag filleadh, nó ar bhonn páirtaimseartha, ar oifigí CNCM. Chabhraigh a dtaithí ar obair ó chian chun cruth a chur ar fhorbairt dréachtbheartais ag an eagraíocht ar an obair chumaisc le píolótú in 2023. Ar deireadh, forbraíodh an Ráiteas ar Rialú Inmheánach agus an Ráiteas Airgeadais le haghaidh 2022 freisin agus tá siad san áireamh mar aguisíní sa tuarascáil seo.

Bhí an clár oibre éagsúil agus dúshlánach indéanta mar gheall ar thiomantas, díograis agus obair chrua mórán daoine. Áiríodh leis seo comhaltaí na Comhairle féin – idir iarchomhaltaí agus comhaltaí reatha; ionadaithe ar na Boird le haghaidh Luath-Óige agus Bunscoileanna, Sraith Shóisearach agus Shinsearach; agus iad siúd a chuir le hiomad meithleacha forbartha CNCM.

Is bunchloch iad an chomhpháirtíocht agus an comhairliúchán den obair agus, mar sin, bhí éachtaí 2022 indéanta freisin mar gheall ar an iomad páirtithe leasmhara laistigh den mhórchóras oideachais agus sa tsochaí shibhialta. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leo siúd sa Roinn Oideachais lenar oibrigh an CNCM i rith na bliana—an tAire Oideachais, Norma Foley, TD., Foireann Bainistíochta na Roinne faoi stiúir an Ard-Rúnaí, Bernie McNally Uasal, agus comhghleacaithe san Aonad Polasaí Curaclaim agus Measúnachta as an spéis, an t-ionchur, an comhoibriú, an tacaíocht agus an acmhainní a chuir ar chumas na Comhairle leanúint ar aghaidh ag cur a clár oibre dúshlánach agus leathan i gcrích.

Sa deireadh, ach rud atá tábhachtach freisin, d'imir baill foirne CNCM ról lárnach maidir le clár oibre chomh héagsúil agus uaillmhianach sin a thabhairt chun cinn. Bhí a saineolas, díograis agus tiomantas ríthábhachtach chun seachadadh rathúil ghealltanais na Comhairle a chinntiú.

Mar Chathaoirleach nua, Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ollamh Mary O'Sullivan, Cathaoirleach go dtí an 28 Feabhra agus ansin leis an gCathaoirleach Eatramhach go dtí an 30

Meitheamh, agus le Emer Egan, Cathaoirleach Eatramhach go dtí an 11 Nollaig, 2022, as an gceannaireacht a thug siad don Chomhairle.

Táim ag iarraidh mo bhuíochas a thaifeadadh leis an mbeirt Leas-Chathaoirleach, an Dr Michael Redmond agus an tUasal Joe McKeown, agus comhaltaí ár gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ár gCoiste Rialachais, as a gcuid oibre, comhairle agus tacaíochta ó ceapadh mé i Nollaig 2022. Lean an dá fhochoiste de bheith ag imirt ról an-lárnach maidir lena chinntiú go ndéanann an eagraíocht a ndícheall agus go mbaineann sí amach caighdeáin arda ina bainistíocht airgeadais agus a rialachas corparáideach. Is mian liom freisin aitheantas a thabhairt d'obair Joe, Michael agus an Dr Finn Ó Murchú maidir le ceannaireacht shuntasach a chur ar fáil mar Chathaoirligh do na Boird don Luath-Óige agus Bunscoileanna, agus don Bhord don tSraith Shinsearach agus don tSraith Shóisearach, faoi seach. Mar Chathaoirleach, táim ag súil le bheith ag obair leis an gComhairle,  an príomhfheidhmeannach agus le foireann CNCM in 2023 agus sinn ag déanamh dul chun cinn ar an iomad tosaíochtaí uaillmhianacha a leagtar amach in *Plean Straitéiseach, 2022–2025* agus mar thacaíocht do chuspóirí náisiúnta reatha agus amach anseo.



Sean Ó Foghlú
Cathaoirleach

# Réamhrá

Bliain dhifriúil ba ea í 2022 go cinnte, ar bhealach dearfach, i gcomparáid le 2021. I mí Feabhra athosclaíodh ár n-oifigí i mBaile átha Cliath agus i bPort Laoise ar bhonn lánaimseartha agus bhíomar ábalta bualadh arís i bpearsa le comhaltaí dár gComhairle, dár mBoird agus dár Meithleacha Forbartha. Cé gur fhóin an timpeallacht ar líne dúinn go maith le linn na codach ba mheasa den phaindéim nuair nach rabhamar ábalta bualadh le chéile aghaidh ar aghaidh, bhí sé go hiontach filleadh ar phlé domhain a bheith againn leis an iliomad comhpháirtithe oideachais agus páirtithe leasmhara níos leithne lena n-oibrímid, chomh maith leis na comhráite tábhachtacha neamhfhoirmiúla ar imeall cruinnithe.

Bliain ar leith ghnóthach a bhí in 2022 ar mhórán bealaí do CNCM. Chuireamar fáilte roimh dheichniúr chomhghleacaithe nua isteach san eagraíocht, le naonúr acu ag teacht isteach i bpoist nua chun tacú le clár oibre leathnaithe na Comhairle. Den chéad uair i stair na heagraíochta agus, go deimhin, i gcóras oideachais na hÉireann, táimid ag athfhorbairt an churaclaim ar feadh aon bhliain déag d'aistear oideachais duine óig. Tugann seo deiseanna iontacha nach mbíonn ann ach uair amháin i nglúin, chomh maith le dúshláin, chun eispéireas daoine a fheabhsú i gcuraclam agus measúnú, le haird ar ionchuimsiú, cáilíocht, ábharthacht agus dul chun cinn. Le linn ár gcuid oibre in 2022 leanadh de bheith ag leagan síos dúshraith bunaithe ar fhianaise don obair seo.

Baineadh mórán amach ar fud na heagraíochta agus sna grafaicí faisnéise ar leathanaigh 10 go 15 cuirtear i láthair cuid de na héachtaí ba mhó faoi na ceannteidil Luathóige, Bunscoileanna, Iar-bhunscoileanna, Seirbhísí Trasearnálacha agus Seirbhísí Corparáideacha. I measc na rudaí ba shuntasaí bhí foilsiú an Athbhreithnithe ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach i mí an Mhárta. Sa tuarascáil seo taifeadadh agus cuireadh i láthair an raon leathan tuairimí a bailíodh le linn athbhreithniú ceithre bliana CNCM ar an tsraith shinsearach. Ag freagairt don tuarascáil ar an 29 Márta, leag an tAire amach a fís le haghaidh sraith shinsearach athfhorbartha agus, nuair a bhí sí á dhéanamh seo, d'iarr sí ar CNCM tosaíocht a dhéanamh de roinnt réimsí a bhí mar bhunús dár gcuid oibre curaclaim agus measúnaithe sa tsraith shinsearach don chuid eile den bhliain. Áiríodh leis seo obair ar dhá ábhar nua; na ráitis chlár le haghaidh na hIdirbhliana, GCAT agus an Ardteistiméireacht Fheidhmeach; tús le taighde ar mheasúnú agus ar fhoirm theicniúil an churaclaim; obair ullmhúcháin ar mhodúil RSO do scoláirí atá ag déanamh staidéir faoi láthair ar Chláir Foghlama T1 agus T2 den tSraith Shóisearach.

I gcás luathóige, in 2022 cuireadh i gcrích an chéad chéim den obair chun *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* a nuashonrú. Áiríodh leis seo comhairliúchán nuálach le babaithe, lapadáin agus páistí óga. Áiríodh lenár gcuid oibre san oideachas bunscoile cur i gcrích an chéad chreatchuraclaim do bhunscoileanna in Éirinn. Tharraing seo ar na torthaí ó chomhairliúchán dhá bhliain ilsnáithe agus bonn taighde leitheadach. Ina theannta sin, críochnaíodh Curaclam Matamaitice nua na Bunscoile agus cuireadh i láthair an Aire é chun go mbreithneodh sí é.


Bhí príomhról fós ag an taighde i dtaobh cabhrú le cruth a chur ar chomhairle na Comhairle don Aire maidir le curaclam agus measúnú. Áiríodh leis seo foilsiú na chéad tuarascála eatramhaí ón staidéar fadama ar chur i láthair agus cur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach; an tríú tuarascáil ón staidéar fadama Saol Scoile Páistí; anailís mhionsonraithe ar litríocht fhairsing ar na ceithre théama curaclaim a úsáidtear in Aistear; agus taighde i réimsí amhail Cultúr agus Stair an Lucht Siúil, Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe, Teanga Chomharthaíochta, Teicneolaíocht Dhigiteach, agus giniúint liostaí téacsanna.

Mar gheall ar an tír a bheith ag bogadh isteach sa chomhthéacs iar-COVID bhí CNCM ábalta, arís, a bheith ag obair go díreach agus go dlúth le páistí/scoláirí, cleachtóirí/múinteoirí, bainisteoirí/ceannairí scoile, tuismitheoirí, agus pobail níos leithne scoile chun smaointe curaclaim agus measúnaithe a scagadh, chun samplaí teagaisc, foghlama agus measúnaithe, agus de shaothar an scoláire, a bhailiú, agus chun dul i gcomhairle ar fhorbairtí curaclaim atá ar siúl. Gabhaimid buíochas ó chroí leis an iomad scoileanna agus suíomhanna luathóige a léirigh spéis cur lenár gcuid oibre agus a d'fháiltigh romhainn agus a chomhroinn go fial am, taithí agus smaointeoireacht linn. Tá bhur nguthanna agus peirspictíochtaí tábhachtach.

Is gné riachtanach d'obair na Comhairle é an dea-rialachas – cuireann sé bonn agus taca faoi gach rud a dhéanann CNCM. Leagann an Tuarascáil Bhliantúil seo amach raon agus scála obair rialachais chorparáidigh CNCM in 2022. Mar gheall ar ár dtaithí chomhchoiteann ar bheith ag obair ó chian le linn COVID bhíomar in ann an méid a d'oibrigh go maith dúinn sa chás sin a thabhairt isteach inár smaointeoireacht agus pleanáil le haghaidh cás oibre cumaisc. De thoradh air seo forbraíodh, trí comhairliúchán leitheadach le baill foirne, ár gcéad bheartas um obair chumaisc le píolótú in 2023. Le teacht deichniúr ball foirne nua le linn na bliana gineadh obair earcaíochta nár bheag agus forbraíodh tacaíochtaí ionduchtaithe agus meantóireachta. Mar gheall ar leathnú ár n-oibre curaclaim agus measúnaithe bhí gá le meithleacha forbartha nua a bhunú agus bhí méadú suntasach inár ngníomhaíocht chomhairliúcháin, ar thacaigh an Fhoireann Seirbhísí Corparáideacha léi go léir. Taobh leis seo, lean oibríochtaí lá go lá ar aghaidh faoi lánluas i réimsí amhail airgeadas, tuairisciú seachtrach, acmhainní daonna, seirbhís do chustaiméirí, cothabháil oifigí, agus sláinte agus sábháilteacht. Tá an Ráiteas ar Rialú Inmheánach agus an Ráiteas Airgeadais le haghaidh 2022 agus ceanglais eile a ghabhann le tuarascálacha bliantúla, mar a leagtar amach iad sa *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016*, san áireamh mar aguisíní.

Is í an Tuarascáil Bhliantúil le haghaidh 2022 an chéad tuarascáil comhcheangailte le Plean Straitéiseach na Comhairle, 2022-2025. Bhí an obair ar thug baill foirne fúithi i rith na bliana treoraithe ag an bplean seo agus ag treo straitéiseach foriomlán na Comhairle agus tacaíocht leanúnach na mball. Chomh maith leis sin, chuir comhaltaí na mbord ionadaíoch agus na meithleacha forbartha, agus na meithleacha saineolais/comhairleacha tuilleadh tacaíochta ar fud an iomad tionscadal agus réimsí oibre. Is mian liom freisin aitheantas a thabhairt don tacaíocht ó oifigigh sa Roinn Oideachais agus oifigigh na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, ón iomad taighdeoirí sa bhaile agus thar sáile lenar oibríomar; agus an raon leathan páirtithe leasmhara a d'idirghníomhaigh linn. Chuir an tacaíocht seo go mór le smaointeoireacht, plé agus díospóireachtaí a chabhraigh comhairle maidir le curaclam agus measúnú a mhúnlú in 2022.

Ar deireadh, agus níos tábhachtaí ná aon rud eile, buíochas ó chroí le mo chomhghleacaithe, foireann CNCM. Cuireann forbairt curaclaim agus measúnaithe, a bhfuil bonn fúithi ag dea-rialachas corparáideach, an iliomad éileamh ar bhaill foirne. I bhfreagra, thug comhghleacaithe ar fud na heagraíochta eolas speisialtóra agus saineolas, leibhéil arda fuinnimh agus chruthaitheachta, athléimneacht agus ceannaireacht, agus tiomantas ollmhór chuig a róil agus a n-obair faoi seach. Bhí bonn fós fúthu seo go léir ag mian dhomhain comhairle ar ardchaighdeán maidir le curaclam agus measúnú a chur ar fáil ionas go bhféadfaimid, le chéile mar chóras oideachais, torthaí níos fearr fiú a bhaint amach dár ndaoine óga ón luathóige go dtí an tsraith shinsearach.



______________

Arlene Forster
An Príomhfheidhmeannach

# Achoimre ar obair CNCM in 2022

Luath-Óige
Bunscoil
An tSraith Shóisearach
An tSraith Shinsearach
Seirbhísí Corparáideacha

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Luath-Óige

## 01

### *Aistear*

- Chuireamar i gcrích Céim 1 den chomhairliúchán ar *Aistear* a nuashonrú.
- Rinneamar comhairliúchán le babaithe, lapadáin agus páistí óga, agus d'fhoilsíomar taighde chun tacú le nuashonrú *Aistear*.

## 02

### Tionscnamh Náisiúnta Síolta Aistear (NSAI)

- Leanamar ag tacú leis an NSAI maidir le hábhair d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus d'acmhainní do thuismitheoirí i réimse teangacha.

## 03

### Treoir Chleachtais *Aistear Síolta*

- Leanamar de bheith ag nuashonrú na 6 cholún cleachtais ar an suíomh gréasáin, ag díriú go háirithe ar bhreith go 3 bliana d'aois.
- Leanamar leis an tsraith 'FGL Bite-sized'.

## 04

### *Cruthaitheacht agus na healaíona*

- Rannchuidíomar leis an ngrúpa stiúrtha idirghníomhaireachta a bhí i mbun maoirseachta ar na healaíona a fhorbairt.

## 05

### *Meitheal Oibre Luathbhlianta Rannpháirtíocht Saoránaigh*

- Chuireamar le meitheal oibre, faoi stiúir foireann Hub na nÓg de chuid na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, chun ábhair treorach a fhorbairt d'oideachasóirí luathbhlianta agus lucht cinnteoireachta eile a théann i gcomhairle le páistí ó bhreith go 5 bliana d'aois.

# Bunscoil

## 01

### Cur i gcrích *Chreat Curaclaim na Bunscoile*

- Chuireamar i gcrích céim a dó ar an gcomhairliúchán ar *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile.*
- Thuairiscíomar ar an gcomhairliúchán ar *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile*
- Chríochnaíomar *Creatchuraclam na Bunscoile.*

## 02

### Painéal Comhairleach (Bunscoil)

- D'oibríomar leis an bPainéal Comhairleach (Bunscoileanna) agus le páirtithe leasmhara chun an cháipéis um Thacú le hAthrú ar fud an Chórais a fhorbairt.

## 03

### Seimineáir *Leading Out*

- D'óstálamar seimineár Leading Out 6 – Bealaí Athraithe – agus 7 – Gníomhú – i gcomhpháirtíocht le raon eagraíochtaí páirtithe leasmhara.

## 04

### An Staidéar Saol Scoile Páistí

- I gcomhar leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, d'fhoilsíomar Tuairisc 4 – Aistrithe – den Staidéar Saol Scoile Páistí i mí Lúnasa 2022.

## 05

### Ullmhúchán i gcomhair Teagaisc agus Foghlama

- I gcomhar le CNOS, SFGM, an Chigireacht agus an Roinn Oideachais d'óstálamar dhá sheimineár gréasáin eolais chun tacú leis an treoir.

## 06

### Curaclam Teanga na Bunscoile

- Foilsíodh breis ábhair thacaíochta chun cabhrú le múinteoirí le haghaidh mhúineadh na Gaeilge i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla.

## 07

### *Fóram Scoileanna*

- Bhuaileamar le pearsanra san Fhóram Scoileanna 5 huaire in 2022.

## 08

### *Curaclam Matamaitice na Bunscoile*

- Chríochnaíomar an comhairliúchán ar Dhréachtchuraclam Matamaitice na Bunscoile.
- Chríochnaíomar *Curaclam Matamaitice na Bunscoile.*

## 09

### *Curaclam Athfhorbartha na Bunscoile*

- Rinneamar comhairliúchán le pobail scoile ar thodhchaí Oideachas ETIM agus Oideachas Ealaíon i gCuraclam Bunscoile athfhorbartha.
- D'óstálamar imeacht le soláthraithe Oideachas Tosaigh Múinteoirí ar athfhorbairt Churaclam na Bunscoile.
- Rinneamar athbhreithniú ar an litríocht a choimisiúnú ar fud na gcúig réimse curaclaim den Churaclam Bunscoile Athfhorbartha.

# An tSraith Shóisearach

## 01

### Taighde

- Tá tuairisc ar Bhliain 1 den staidéar taighde ar chur i bhfeidhm agus tionchar an Chreata don tSraith Shóisearach foilsithe.
- Cuireadh tuarascáil ar athbhreithniú luath ar chur i bhfeidhm dhréachtsonraíochtaí churaclam Gaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1 agus T2) i gcrích.
- Taighde chun tacú le saothar ar liostaí téacsanna a fhorbairt curtha i gcrích.
- Tuarascáil Chomhairliúcháin maidir leis an gCáipéis Eolais agus Treoir don Athbhreithniú ar OSPS na Sraithe Sóisearaí foilsithe.

## 02

### Curaclam

- Chuireamar i gcrích forbairt Ghearrchúrsa Staire na Sraithe Sóisearaí (Leibhéal 2) agus an comhairliúchán ar dhréachtchuraclam OSPS na Sraithe Sóisearaí
- D'fhoilsíomar curaclam athbhreithnithe Corpoideachais na Sraithe Sóisearaí.
- Chuireamar i gcrích an t-athbhreithniú ar Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1 & T2) Chuireamar i gcrích cur i bhfeidhm luath Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus 2.
- Athbhreithníodh agus foilsíodh liostaí téacsanna Béarla na Sraithe Sóisearaí.

## 03

### Samplaí d'obair an scoláire

- D'fhorbraíomar, dhearbhaíomar a gcáilíocht agus d'fhoilsíomar samplaí anótáilte de shaothar scoláirí i réimse leathan ábhar chun tacú le forbairt ghairmiúil múinteoirí.

# An tSraith Shinsearach

## 01

### Taighde

- Rinneamar taighde a choimisiúnú ar thionchar athruithe ar ualú agus uainiú comhpháirteanna measúnaithe breise sa tsraith shinsearach.
- Tuarascáil ar an gcomhairliúchán ar dhréachtsonraíochtaí churaclam Gaeilge na hArdteistiméireachta (T1 agus T2) curtha i gcrích.
- Rinneamar taighde a choimisiúnú ar Phríomhinniúlachtaí.
- Thosaíomar taighde ar fhoirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim.
- D'fhoilsíomar Cáipéisí Eolais agus Treoracha don athbhreithniú ar Ghnó na hArdteistiméireachta, Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta san Ardteistiméireacht, Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe na hArdteistiméireachta, Ráiteas Cláir Idirbhliana, agus OSPS na Sraithe Sóisearaí.

## 02

### Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

- D'fhoilsíomar an tAthbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach.
- Thosaíomar obair ar fhorbairt Ráitis Cláir athbhreithnithe don Idirbhliain, agus sonraíochtaí curaclaim do Ghnó na hArdteistiméireachta agus OSPS na Sraithe Sinsearaí.
- Thosaíomar forbairt ar dhá ábhar nua, Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta san Ardteistiméireacht, agus Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht san Ardteistiméireacht, agus clár nua Sraithe Sinsearaí do scoláirí atá ag leanúint CFL1anna agus CFL2anna sa tsraith shóisearach faoi láthair.
- D'oibríomar go díreach le scoileanna agus rinneamar comhairliúchán go forleathan chun eolas a dhéanamh do na forbairtí curaclaim go léir a dtugtar breac-chuntas orthu thuas.
- Nuashonraíomar an Ráiteas Cláir GCAT.

## 03

### Coigeartuithe measúnaithe

- I gcomhar le CSS agus leis an Roinn Oideachais, chuireamar leis na coigeartuithe a rinneadh mar chuid de na socruithe measúnaithe.
- le haghaidh scrúduithe na hArdteistiméireachta don scoilbhliain 2022/23.

# Trasearnála

## 01



### Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe

- D'fhoilsíomar tuarascáil ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe: Iniúchadh Curaclaim Idirnáisiúnta.

## 02



### Cultúr agus Stair an Lucht Siúil

- Tosaíodh taighde chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt acmhainní chun tacú le teagasc agus foghlaim faoi stair agus cultúr an Luchta Siúil sa churaclam.

## 02



### Ionchuimsiú

- D'fhoilsíomar treoirlínte chun tacaíocht a thabhairt do theagasc agus foghlaim na bpáistí atá faoi chúram agus i scoileanna coinneála.

# Seirbhísí Corparáideacha

## 01

### Struchtúir

Lean an Chomhairle agus a struchtúir lena n-obair churaclaim agus mheasúnaithe le cruinnithe aghaidh le haghaidh ag tosú arís do mhórán grúpaí tar éis Covid:

**8** gcruinniú den Chomhairle

**7** gcruinniú den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

**4** chruinniú den Choiste Rialachais

**79** cruinniú de Bhoird, Meithleacha Forbartha agus Meithleacha Comhairleacha.

## 02

### Airgeadas

- Cuireadh cuntais bainistíochta ráithiúla le chéile agus d'fhaomh an Chomhairle iad.
- Faomhadh Ráitis Airgeadais do 2022, agus dheimhnigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iad i ndiaidh iniúchadh seachtrach.
- Rinneadh an Clár Riosca a nuashonrú, d'fhaomh an Chomhairle é agus rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca monatóireacht air ar bhonn leanúnach.

## 03

### Daoine agus Cultúr Eagraíochtúil

- Thosaigh an próiseas a bhaineann le Straitéis Daoine a fhorbairt do CNCM.
- D'fhorbair meitheal oibre Beartas um Obair Chumaisc le píolótú in CNCM.

## 04

### Forbairt Ghairmiúil

- Lean baill foirne ag baint úsáide as a lán deiseanna forbartha gairmiúla.
- Thug líon suntasach ball foirne faoi staidéar oideachais agus taighde iarchéime.

## 05

### Beartais a d'fhaomh an Chomhairle

- Síníodh Comhaontú Maoirseachta agus Seachadta Feidhmíochta leis an Roinn Oideachais.
- Beartas um Shonraí Oscailte Faofa.
- Téarmaí Tagartha Nuashonraithe na Comhairle.

## 06

### Cumarsáid

- Comhroinneadh nuachtlitir info@ncca go forleathan chun feasacht a thógáil ar obair CNCM agus chun rannpháirtíocht i gcomhairliúcháin a spreagadh.

# 2. Dul chun cinn obair CNCM in 2022

### Sprioc Straitéiseach 1 – Curaclam agus Measúnú

*Forbróimid curaclam agus measúnú nuálach agus ábhartha ar mhaithe le hionchuimsiú, rannpháirtíocht, cáilíocht, dul chun cinn agus leanúnachas idir na hearnálacha ar fad agus idir aistrithe oideachais. Cuirfimid oideolaíochtaí éifeachtacha chun cinn agus déanfaimid iad a léiriú chun tacú leis na daoine óga ar fad mar fhoghlaimeoirí gafa agus gníomhacha le deiseanna maidir le rogha agus cinnteoireacht. Déanfaimid ailíniú ar oideolaíocht agus ar mheasúnú le cuspóirí curaclaim, agus tabharfaimid tacaíocht do thuairisciú a léiríonn an réimse de dhul chun cinn agus éachtaí daoine óga.*

| Torthaí an Phlean Straitéisigh | Dul chun cinn in 2022 |
|---|---|
| **SG1.1** *Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige* a uasdátú, ag déanamh cinnte dá thacaíocht leanúnach le haghaidh eispéiris ardchaighdeáin foghlama do pháistí ar feadh a mblianta luathóige ar fad agus ag cumasú comhleanúnachas cuí leis an gcuraclam athfhorbartha bunscoile. | Céim 1 de nuashonrú Aistear críochnaithe |
| **SG1.2** Tacú leis an Tionscnamh Náisiúnta Síolta Aistear agus é a neartú, le tagairt faoi leith don Treoir Chleachtais Aistear Síolta ar líne. | Acmhainní chun eispéiris foghlama a fheabhsú do pháistí ó bhreith go dtí sé bliana d'aois nuashonraithe, sínte agus ionadaithe nuair is gá<br><br>Acmhainní nua do bhabaithe agus lapadáin curtha leis an Treoir Chleachtais Aistear Síolta. |

| | |
|---|---|
| **SG1.3** An Creatchuraclam Bunscoile a chur i críoch agus an curaclam le haghaidh bunscoileanna agus scoileanna speisialta a athfhorbairt ag déanamh cinnte dá thacaíocht leanúnach le haghaidh eispéiris agus torthaí ardchaighdeáin maidir le teagasc, foghlaim agus measúnú | Céim 2 den chomhairliúchán ar Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile curtha i gcrích.<br><br>Tuairisciú ar an gcomhairliúchán ar Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile curtha i gcrích<br><br>Comhairle maidir le comhtháthú nuatheangacha i gcuraclam bunscoile athfhorbartha curtha i gcrích<br><br>Creatchuraclam na Bunscoile curtha i gcrích |
| **SG1.4** Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an treoir oideolaíochta chomh maith le socruithe measúnaithe agus tuairiscithe le haghaidh bunscoileanna agus scoileanna speisialta i bhfianaise an churaclaim bunscoile athfhorbartha. | Forbairt teimpléad tuairiscithe breise chun tacú le páistí atá ag freastal ar ranganna NSU curtha i gcrích<br><br>Forbairt agus scaipeadh acmhainne ilmheán chun tacú le tuismitheoirí ag léirmhíniú scóir i dtrialacha caighdeánaithe<br><br>Imeachtaí faisnéise agus tuilleadh ábhair treorach chun tacú le hUllmhúchán i gcomhair Teagaisc agus Foghlama i mbunscoileanna curtha i gcrích |
| **SG1.5** Tacú le hiar-bhunscoileanna ag baint leas as an gCreat don tSraith Shóisearach mar bhunús do phleanáil agus cur i bhfeidhm a gclár don tsraith shóisearach, agus chun forbairtí a thagann chun cinn ón athbhreithniú ar an tsraith shinsearach a chur i bhfeidhm. | Liosta téacsanna Béarla na Sraithe Sóisearaí athbhreithnithe agus foilsithe<br><br>Athbhreithniú chur i bhfeidhm luath Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus 2 curtha i gcrích<br><br>Comhairliúchán ar Dhréachtchuraclam OSPS na Sraithe Sóisearaí curtha i gcrích<br><br>Gearrchúrsa Staire na Sraithe Sóisearaí (Leibhéal 2) curtha i gcrích<br><br>Tacaíocht tugtha do chur i bhfeidhm ábhair, gearrchúrsaí, CLF1anna agus CFL2anna na sraithe sóisearaí a ndearnadh athbhreithniú orthu le déanaí |

| | |
|---|---|
| | |
| **SG1.7** Treoraithe ag cuspóir agus fís shoiléir, an tsraith shinsearach a athfhorbairt chun bealaí foghlama níos éagsúla a chur ar fáil chomh maith le níos mó rogha agus solúbthachta le aghaidh dul chun cinn do gach scoláire. | Athbhreithniú na Sraithe Sinsearaí: Tuarascáil Chomhairleach foilsithe<br><br>Cás-staidéar ar GCAT foilsithe<br><br>Ráiteas Cláir Nuashonraithe GCAT foilsithe |
| **SG1.9** Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh, mar is cuí, ar shonraíochtaí curaclaim agus measúnaithe reatha, agus sonraíochtaí curaclaim agus measúnaithe nua a fhorbairt mar fhreagairt ar na riachtanais shainaitheanta agus riachtanais bheartais. | Comhairliúchán ar Dhréachtchuraclam Matamaitice na Bunscoile do chéimeanna 3 agus 4 curtha i gcrích agus naisc idir céimeanna 1 agus 2 agus le hEolaíocht agus Teicneolaíocht sainaitheanta<br><br>Tuairisciú ar an gcomhairliúchán ar Churaclam Matamaitice na Bunscoile do chéimeanna 3 agus 4 curtha i gcrích<br><br>Curaclam Matamaitice na Bunscoile chéimeanna 1 go Céim 4 curtha i gcrích<br><br>Comhairliúchán ar an gCáipéis Eolais agus Treoir d'athfhorbairt shonraíocht OSPS na Sraithe Sóisearaí curtha i gcrích agus tuarascáil foilsithe<br><br>Tuarascáil Chomhairliúcháin maidir le Dréachtsonraíochtaí Araibise na hArdteistiméireachta curtha i gcrích<br><br>Tuarascáil Chomhairliúcháin maidir le Dréachtsonraíochtaí Teangacha Clasaiceacha na hArdteistiméireachta curtha i gcrích |

| | |
|---|---|
| | Comhairliúchán déanta ar Cháipéis Eolais agus treoir do Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta de chuid na hArdteistiméireachta, agus tuarascáil foilsithe<br><br>Cáipéis Eolais agus treoir ar Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe de chuid na hArdteistiméireachta, forbartha, comhairliúchán déanta air, agus tuarascáil foilsithe<br><br>Cáipéis Eolais agus treoir don athbhreithniú ar Ghnó na hArdteistiméireachta forbartha, comhairliúchán déanta air, agus tuarascáil foilsithe<br><br>Cáipéis Eolais agus treoir don athbhreithniú ar Ráiteas Chlár na hIdirbhliana foilsithe agus comhairliúchán tosaithe<br><br>Cáipéis Eolais agus treoir don athbhreithniú ar OSPS na Sraithe Sinsearaí foilsithe agus comhairliúchán tosaithe<br><br>Treoir le haghaidh forbairt modúl leantach sraithe sinsearaí le haghaidh an scoláire atá ag leanúint na CFL1anna agus na CFL2anna faofa. |
| **SG1.10** An fócas ar oideolaíochtaí éifeachtacha agus a gcur chun cinn a neartú chun tacú le dul chun cinn i bhfoghlaim do gach páiste agus duine óg. | Tá síneadh curtha le hUirlisí Úsáide Teanga na Bunscoile chun tacú le cur i bhfeidhm Churaclam Teanga na Bunscoile<br><br>Gníomhaíocht scaipthe lena n-áirítear imeachtaí ar líne chun tacú le húsáid Uirlisí Úsáide Teangacha na Bunscoile curtha i gcrích. |
| **SG1.11** Comhairle maidir le curaclam agus measúnú a fhorbairt a chuireann oideachas ionchuimsitheach chun cinn agus a thacaíonn leis ag cur ar chumas gach páiste agus gach duine óig a bhrath go bhfuil siad luachmhar, a bheith spreagtha agus a bheith lánsásta ina n-eispéireas ar an bhfoghlaim. | Liostaí téacsanna Béarla na Sraithe Sóisearaí athbhreithnithe agus foilsithe<br><br>Cur i láthair ábhar nua don Ardteistiméireacht agus ábhar a ndearnadh athbhreithniú orthu le déanaí, agus tugadh tacaíocht do thuairisceoirí modúil don Ardteistiméireacht Fheidhmeach |

| | |
|---|---|
| | Tá ábhair thacaíochta do pháistí a bhfuil an Béarla mar Theanga Bhreise acu (BTB) feabhsaithe<br><br>Ábhair thacaíochta mar chuid de na huirlisí ar líne OSPS/OCG foilsithe<br><br>Dréacht-treoirlínte ar an gcuraclam le haghaidh daoine óga i suíomhanna coinneála agus cúraim nuashonraithe agus foilsithe<br><br>Iniúchadh ar chláir reatha na sraith sinsearaí, lena n-áirítear gach ábhar agus modúl, chun na gnéithe is éifeachtaí de chláir agus comhpháirteanna den churaclam a shainaithint curtha i gcrích. |
| **SG1.12** Samplaí a bhfuil a gcáilíocht dearbhaithe d'fhoghlaim páistí ina léirítear na hionchais le haghaidh foghlaimeoirí agus a chuireann le tuiscint chomhroinnte ar dhul chun cinn foghlama ag leibhéal na bunscoile a fhorbairt a thuilleadh agus a fheabhsú. | Dearbhú cáilíochta déanta ar shamplaí d'Fhoghlaim na páistí mar chuid d'Uirlisí Úsáide Teanga na Bunscoile, agus foilsithe. |
| **SG1.13** Samplaí a bhfuil a gcáilíocht dearbhaithe de shaothar an scoláire ina léirítear na hionchais le haghaidh an scoláire agus a chuireann le tuiscint chomhroinnte ar chaighdeáin ar fud na sraithe sóisearaí a fhorbairt a thuilleadh agus a fheabhsú. | Cáilíocht dearbhaithe de shamplaí de shaothar an scoláire le haghaidh sonraíochtaí sraithe sóisearaí agus cláir Folláine atá forbartha, agus tá siad foilsithe. |

## Sprioc Straitéiseach 2 - Rannpháirtíocht agus Comhoibriú

*Oibreoimid le múinteoirí, cleachtóirí, páistí, scoláirí, tuismitheoirí agus na comhpháirtithe san oideachas, agus tabharfaimid tacaíocht dóibh, chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt agus do chur i bhfeidhm curaclaim agus measúnaithe, cumas a chothú le haghaidh athraithe, agus bealaí chun oibriú as lámh a chéile a shamhaltú. Trí rannpháirtíocht agus comhoibriú, imreoimid tionchar ar eolas nua faoin gcuraclam, measúnú agus próisis curtha i bhfeidhm, ginfimid é agus comhroinnfimid é. Oibreoimid ar son cleachtais teagaisc, foghlama agus mheasúnaithe a bhfuil fianaise mar bhonn eolais dóibh.*

| Torthaí an Phlean Straitéisigh | Dul chun cinn in 2022 |
|---|---|

| | |
|---|---|
| **SG2.1** Oibriú le comhpháirtithe san oideachas, seirbhísí tacaíochta, agus institiúidí breisoideachais agus ardoideachais a chuireann cláir oideachais ar fáil do luathbhlianta agus oideachas tosaigh múinteoirí chun cur le cumas le haghaidh athrú curaclaim ar fud an chórais oideachais. | Seimineár ar Cheannaireacht le haghaidh Foghlama i gcomhar leis an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí<br><br>Seimineáir *Leading Out* éascaithe i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus gníomhartha comhaontaithe agus tugtha chun cinn<br><br>Teagmhálacha CNCM agus an Phainéil Chomhairligh (bunscoil) leis an bpáipéar *Ó Chuspóir go Cleachtas* le pobail scoile agus príomhpháirtithe leasmhara curtha i gcrích<br><br>Imeacht leis na seirbhísí tacaíochta agus oideachasóirí tosaigh múinteoirí ar thorthaí an chomhairliúcháin ar *Dhréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* tionólta<br><br>Ábhair chun tacú le tuairisciú i mbunscoileanna curtha i gcrích. |
| **SG2.2** A chinntiú go bhfuil guthanna agus eispéiris éagsúla páistí, daoine óga agus pobal mar chuid den phlé agus de na comhairliúcháin ar fhorbairtí sa churaclam agus sa mheasúnú. | Comhairliúcháin le páistí ar na moltaí i n*Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* curtha i gcrích<br><br>Comhairliúchán le pobail scoile, lena n-áirítear tuismitheoirí, ar na moltaí i n*Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* curtha i gcrích<br><br>Comhairliúchán le babaithe, lapadáin agus páistí óga mar chuid Chéim 1 de nuashonrú *Aistear* curtha i gcrích<br><br>Tacaíocht curtha ar fáil do thionscadail chomhoibríocha le páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe éagsúla maidir le cleachtadh gutha páiste/scoláire a neadú ag leibhéal ranga agus scoile uile<br><br>Eiseamláirí and próisis chun éagsúlacht gutha páiste/scoláire a neartú sa churaclam agus measúnú forbartha agus in úsáid |

| | |
|---|---|
| | A bheith ag obair le suíomhanna luathóige agus scoileanna chun samplaí de chleachtas i gcultúr agus stair an Lucht Siúil tugtha chun cinn. |
| **SG2.3** Idirchaidreamh a dhéanamh le agus oibriú i gcomhar le réimse eagraíochtaí agus ranna rialtais chun forbairtí a ailíniú agus chun tacú le cur chuige comhleanúnach maidir le cur i bhfeidhm an churaclaim. | Cleachtadh scóipe tosaigh, i gcomhpháirtíocht le SOLAS, ar an bhféidearthacht maidir le forbairt conairí ón scoil isteach i suíomhanna oideachais agus oiliúna, agus saol na hoibre, curtha i gcrích<br><br>Eagraíochtaí comhpháirtíochta coinnithe ar an eolas maidir le forbairtí agus cuir chuige churaclaim agus mheasúnaithe i leith cur i bhfeidhm<br><br>Tacaíocht tugtha d'obair an Aonaid Beartas um Oideachas sna Luathbhlianta agus na Cigireachta Luathbhlianta<br><br>Tacaíocht tugtha do shaothar Mheitheal Stiúrtha Náisiúnta Thogra Aistear RO/RLCMLÓ agus a struchtúir<br><br>Trí chomhpháirtíocht le RLCMLÓ, rannchuidiú tugtha d'athfhorbairt cur chuige náisiúnta i leith tacú le haistrithe de réir mar a bhogann páistí ón réamhscoil go dtí an bhunscoil<br><br>Comhoibriú i bhfeidhm le heagraíochtaí, lena n-áirítear IPPN and CSL, chun dul i gcomhairle le ceannairí scoile ar athfhorbairt churaclam na bunscoile<br><br>Obair le comhpháirtithe oideachais agus príomhpháirtithe leasmhara eile maidir le coinníollacha a chur chun cinn chun athrú curaclaim a chumasú ag leibhéal bunscoile tugtha chun cinn |

| | |
|---|---|
| | Tacaíocht tugtha do shaothar Mheithleacha Stiúrtha RO Churaclam na Bunscoile agus na Meithle Oibre Teicniúla um Theanga na Bunscoile<br><br>Tacaíocht tugtha do Mheitheal Chomhairleach RO le haghaidh Scrúduithe Stáit<br><br>Tacaíocht tugtha do shaothar Mheithleacha Stiúrtha nó Straitéise RO maidir le TFC, Straitéis Dhigiteach, FCÁT, ETIM, Litearthacht agus Uimhearthacht<br><br>Tacaíocht tugtha do shaothar Choiste Comhairleach OFI RO<br><br>Tacaíocht tugtha do Choiste Comhairleach RO le haghaidh an Bheartais um Oideachas Gaeltachta, agus an Choiste Stiúrtha um oideachas trí mheán na Gaeilge lasmuigh de cheantair Ghaeltachta<br><br>Tacaíocht tugtha do Choiste Comhairleach RO um oideachas trí mheán na Gaeilge lasmuigh de cheantair Ghaeltachta<br><br>Obair tugtha chun cinn trí chruinnithe de Chomhghrúpaí Seasta, lena n-áirítear CSS/CNCM agus SOLAS/CNCM<br>Cruinnithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta tionólta<br><br>Cruinnithe le heagraíochtaí a thacaíonn le hOideachas Caitliceach tionólta<br><br>Tacaíocht tugtha do shaothar Choistí Comhairleacha Náisiúnta an Fhorais Taighde ar Oideachas maidir le PIRLS, TIMSS, PISA agus maidir le Measúnuithe Náisiúnta<br><br>Tacaíocht tugtha do shaothar Chúnamh Éireann agus choistí deontas oideachais Worldwise Global Schools<br><br>Rannpháirtíocht leanúnach coinnithe le: |

| | |
|---|---|
| | • An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta<br>• Better Start<br>• Ionaid Tacaíochta Oideachais na hÉireann<br>• Stiúrthóirí Scoileanna BOO<br>• An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí<br>• An Chomhairle Náisiúnta um Threorú in Oideachas<br>• An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta<br>• An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí<br>• Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann. |
| **SG2.4** Tacú le agus páirt a ghlacadh i dtionscnaimh thaighde, churaclaim agus mheasúnaithe, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, trí chomhoibrithe straitéiseacha le gníomhaireachtaí, eagraíochtaí agus líonraí eile. | Freastal déanta ar Chruinnithe Saineolaithe, Comhdháil agus Tionól Ginearálta CIDREE<br><br>Freastal déanta ar chruinnithe Líonra Comhairleoirí Beartais Oideachais<br><br>Rannpháirtíocht leanúnach le CCSM<br><br>Comhoibriú leanúnach leis an Líonra Idirnáisiúnta um Mheasúnú Oideachais (IEAN), lena n-áirítear páipéar seasaimh ar 'Guth an Fhoghlaimeora sa mheasúnú' curtha i gcrích<br><br>Freastal déanta ar chruinnithe Thionscadal Erasmus Plus, Smaointeoireacht Ríomhaireachtúil sa Smaointeoireacht Mhatamaiticiúil (CTMT)<br><br>Tionscadal Erasmus Plus, ag Féachaint leis an Ionchuimsiú a Thuiscint: Úsáid íomhánna ag oideachasóirí le haghaidh ionchuimsiú sóisialta ar fud na hearnála oideachais, pobail agus iarsmalainne a thuiscint, freastal déanta ar chruinnithe. |
| **SG2.5** Tacú le cumas na scoileanna agus na suíomhanna, athrú a fhorbairt, a chur i láthair agus a chur i bhfeidhm i gcuraclam agus measúnú. | Samplaí de theagasc agus foghlaim OSPS/OCG i mbunscoileanna, scoileanna speisialta agus iar-bhunscoileanna foilsithe |

| | |
|---|---|
| | Tacaíocht leanúnach do shaothar an Ghrúpa um Eolaíocht Talmhaíochta na hArdteistiméireachta i gCleachtas<br><br>Obair le scoileanna agus páirtithe leasmhara maidir le hathbhreithniú luath ar chur i bhfeidhm Ríomheolaíocht agus Chorpoideachas na hArdteistiméireachta tosaithe<br><br>Grúpaí tionólta chun tacú le gníomhartha ag éirí as torthaí an Athbhreithnithe ar an tSraith Shinsearach<br><br>Painéal Comhairleach ar an tSraith Shinsearach tionólta<br><br>Samplaí de chleachtas a thacaíonn le daoine óga agus iad faoi choinneáil agus iad i suíomhanna cúraim foilsithe<br><br>Rannpháirtíocht leis an bhFóram Scoileanna ar na príomhthreoracha le haghaidh athrú i gcuraclam na bunscoile tugtha chun cinn<br><br>Obair le scoileanna chun comhairliúchán a dhéanamh ar Dhréachtchuraclam Matamaitice na Bunscoile curtha i gcrích. |

## Sprioc Straitéiseach 3 - Eolas agus Taighde

*Ginfimid, úsáidfimid agus scaipfimid fianaise thaighde dhian láidir chun tacú le comhairle agus cleachtas i dtaca le curaclam agus measúnú a fhorbairt i ngach suíomh oideachais. Trí dhearadh taighde, beimid i dteagmháil le héagsúlacht na bpáirtithe leasmhara sa chóras oideachais, lena n-áirítear páistí, scoláirí, tuismitheoirí, múinteoirí/cleachtóirí agus ceannairí scoile ar bhealaí barántúla, comhoibríocha agus fiúntacha. Comhroinnfimid taighde chun an dioscúrsa a spreagadh maidir le cúrsaí a bhaineann lenár gcomhairle churaclaim agus mheasúnaithe, agus chun eolas a dhéanamh dó. Cuirfimid le tógáil acmhainne maidir le taighde ar fud an chórais oideachais.*

| Torthaí an Phlean Straitéisigh | Dul chun cinn in 2022 |
|---|---|
| **SG3.1** Fianaise thaighde a úsáid, lena n-áirítear torthaí ó thaighde fadama agus próisis chomhairliúcháin, chun eolas a dhéanamh d'fhorbairtí curaclaim agus measúnaithe. | Athbhreithniú Litríochta chun tacú le nuashonrú Aistear curtha i gcrích<br><br>Sraith de pháipéir thaighde chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt sonraíochtaí curaclaim le haghaidh Curaclam athfhorbartha Bunscoile tugtha chun cinn<br><br>Sraith de pháipéir thaighde ar Theicneolaíocht Dhigiteach agus an phríomhinniúlacht 'A Bheith i d'Fhoghlaimeoir Digiteach' curtha i gcrích<br><br>Iniúchadh curaclaim idirnáisiúnta chun forbairt curaclaim i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL) a fhiosrú le haghaidh suíomhanna luathóige, bunscoileanna, scoileanna speisialta agus iar-bhunscoileanna tugtha chun cinn<br><br>Tuarascálacha 4 den staidéar Saol Scoile Páistí foilsithe<br><br>Rannpháirtíocht leis an bPainéal Comhairleach (bunscoil) ar athbhreithniú agus athfhorbairt churaclam na bunscoile tugtha chun cinn<br><br>Tuarascálacha Ilchodacha ar an tSraith Seimineár Leading Out tugtha chun críche |

| | |
|---|---|
| | Taighde ar phróisis chognaíocha na hOideolaíochta, an Chomhtháthaithe agus an Mheasúnaithe mar chuid de churaclam bunscoile athfhorbartha tugtha chun cinn<br><br>Tuarascáil ó Bhliain 1 den staidéar taighde ar chur i bhfeidhm agus tionchar thabhairt isteach an Chreata don tSraith Shóisearach foilsithe<br><br>Tuarascáil ar an gcomhairliúchán ar dhréachtsonraíochtaí curaclaim Ghaeilge na hArdteistiméireachta (T1 agus T2) curtha i gcrích<br><br>Tuarascáil ar athbhreithniú luath ar chur i bhfeidhm dhréachtsonraíochtaí curaclaim Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí (T1 agus T2) curtha i gcrích<br><br>Tuarascáil ar Chultúr agus ar Stair an Lucht Siúil chun tacú le foghlaim agus le teagasc an churaclaim curtha i gcrích<br><br>Tuarascáil ar Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe: Iniúchadh Curaclaim Idirnáisiúnta foilsithe<br><br>Tuarascáil ar thaighde chun tacú le hobair ar liostaí téacsanna a fhorbairt curtha i gcrích<br><br>Taighde ar thionchar athruithe ar ualú agus uainiú comhpháirteanna measúnaithe breise sa tsraith shinsearach coimisiúnaithe. |
| **SG3.2** An Straitéis Taighde 2022–2025 a fhoilsiú agus a chur i bhfeidhm. | Straitéis Taighde 2023-2026, lena n-áirítear Ráiteas Eiticiúil, tugtha chun cinn. |
| **SG3.3** Torthaí an taighde a ghinimid a scaipeadh, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, díospóireacht a spreagadh agus eolas a dhéanamh dó. | Torthaí taighde CNCM, lena n-áirítear tuarascálacha comhairliúcháin, iniúchtaí agus athbhreithnithe litríochta foilsithe agus scaipthe trí achoimrí ilmheán, imeachtaí, meáin shóisialta, nuachtlitreacha agus foilseacháin ghairmiúla eile. |

| | |
|---|---|
| **SG3.4** Rochtain, comhroinnt agus ceistiú torthaí taighde agus eolas nua ag baill foirne agus comhaltaí ar struchtúir CNCM a chur chun cinn mar dhlúthchuid dá gcuid oibre | Áiseanna leabharlainne ar líne do bhaill foirne curtha ar bun<br><br>Treoir stíle agus prótacal tagartha CNCM forbartha<br><br>Lá Taighde agus Spotsolas Taighde CNCM tionólta<br><br>Feasachán Taighde foilsithe |
| **SG3.5** Oibriú ar son tógáil acmhainn taighde agus tacú leis in oideachas na luathóige, i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, ag cur leis an bhféidearthacht a bhaineann le cultúr atá bunaithe ar fhianaise le haghaidh nuálaíocht agus forbairt curaclaim agus measúnaithe. | Tacaíocht tugtha do Chéim 3 don Mhalartán Taighde Múinteoirí (T-REX) tríd an gcuibhreannas Research Alive |

## Cumasóir Straitéiseach 1 – Daoine agus Cultúr Eagraíochtúil

*Tá daoine agus an cultúr eagraíochta CNCM lárnach chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm. Cuirfimid áit oibre bhríomhar, dhearfach agus shábháilte ar fáil inar féidir le daoine a ndícheall a dhéanamh, ag oibriú as lámh a chéile agus go cruthaitheach le daoine eile chun tacú lenár spriocanna straitéiseacha.*

| Torthaí an Phlean Straitéisigh | Dul chun cinn in 2022 |
|---|---|
| **SE1.1** Straitéis Daoine a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun na cleachtais thacúla dhearfacha a léiriú agus a fhorbairt níos mó, a cheadaíonn dúinn ar fad ár ndícheall a dhéanamh maidir lenár gcuid oibre agus cur le háit oibre bhríomhar agus éifeachtach. | Raon le haghaidh athbhreithniú struchtúr na heagraíochta chun tacú le gnóthachtáil spriocanna straitéiseacha na Comhairle agus eolas a dhéanamh don Straitéis Daoine agus Pleanáil Lucht Saothair comhaontaithe<br><br>Breac-chuntas tugtha ar Straitéis Daoine do CNCM agus obair forbartha leanta di<br><br>Leanadh de bheith ag cur ar fáil spásanna oibre agus oifigí compordacha agus éifeachtúla, le háiseanna bainistithe go héifeachtach<br><br>Athbhreithniú déanta ar léasanna bunaithe ar riachtanais eagraíochtúla athraitheacha agus tá tús curtha le hobair chun áitreabh nua a shainaithint. |
| **SE1.2** Socruithe oibre cumaisc a chur i bhfeidhm a chuirfidh leis an eispéireas COVID, a thacóidh le spriocanna straitéiseacha CNCM agus a léireoidh beartais agus treoirlínte náisiúnta. | Dréachtmhúnla oibre cumaisc forbartha de réir treoirlínte agus reachtaíocht náisiúnta agus a mbeidh comhairliúchán foirne mar bhonn eolais dó, agus píolóta tosaithe. |

| | |
|---|---|
| **SE1.3** Leanúint de bheith ag cothú cultúr foghlama agus forbartha, arna éascú ag Bainistíocht agus Forbairt Feidhmíochta (BFF), a spreagann agus a thacaíonn le baill foirne a n-inniúlachtaí, a n-eolas agus a saineolas a fhorbairt agus a chomhroinnt ón ionduchtú ar aghaidh. | Timthriall Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (BFF) do 2022 curtha i gcrích<br><br>Leanadh de bheith ag forbairt eolas agus tuiscint na foirne ar churaclam agus measúnú, rialachas agus gnóthaí corparáideacha trí oiliúint, staidéir, taighde agus foirmeacha eile forbartha gairmiúla. |
| **SE1.4** Tacú le folláine agus í a chur chun cinn in CNCM lena n-áirítear folláine na mball foirne, trí mhachnamh agus rannpháirtíocht leanúnach. | Bhí díriú ar fholláine ina chuid lárnach de phlé agus comhairliúchán foirne nuair a bhíothas ag forbairt Beartas um Obair Chumaisc. |
| **SE1.5** Cur le torthaí Shuirbhé Rannpháirtíochta Fostaithe na Státseirbhísí 2020 chun cultúr na háite oibre tacúla, ionchuimsithí agus dearfaí de chuid an CNCM a fheabhsú, i dtimpeallacht bunaithe ar chóimheas ina n-airíonn cách go bhfuil cumhacht acu chun cur lena n-áit oibre agus tacú taobh istigh di. | Leanadh de bheith ag cur i bhfeidhm Plean Gnímh mar fhreagairt ar thorthaí i Suirbhé Rannpháirtíochta Fostaithe na Státseirbhíse 2020 (CSEES). |
| SE1.6 Daoine CNCM a fhorbairt, lena n-áirítear bainisteoirí daoine, le linn a ngairme CNCM ar fad chun na scileanna ceannaireachta agus bainistíochta a shealbhú a theastaíonn chun CNCM a chothú ina cuid oibre agus chun a n-eolas a chomhroinnt le comhghleacaithe, ag cinntiú leanúnachais. | Clár ionduchtúcháin do bhaill foirne nua curtha i gcrích<br><br>Clár meantóireachta i bhfeidhm do bhaill foirne nua le hoiliúint curtha ar fáil do mheantóirí. |

## Cumasóir straitéiseach 2 – Rialachas

*Forbróimid rialachas agus struchtúir eagraíochta, próisis, scileanna agus inniúlachtaí CNCM go héifeachtúil chun tacú leis na trí sprioc straitéiseacha a bhaint amach le linn dúinn a bheith ag cinntiú comhlíonadh leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).*

| Torthaí an Phlean Straitéisigh | Dul chun cinn in 2022 |
|---|---|
| **SE2.1** Tacú le hobair na Comhairle, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, an Choiste Rialachais agus struchtúr eile. | Thacaigh an Bord don Luath-Óige agus don mBunscoil, an Bord don tSraith Shóisearach, agus an Bord don tSraith Shinsearach le hobair ar churaclam agus measúnú agus rinne siad maoirseacht ar an obair sin |

| | |
|---|---|
| | Oiliúint agus FGL curtha ar fáil chun freastal ar riachtanais shainaitheanta<br><br>Tacaíocht riaracháin agus lóistíochtúil curtha ar fáil do struchtúir, lena n-áirítear eagrú imeachtaí. |
| **SE2.2** Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht struchtúr eagraíochta agus cumasaithe agus torthaí a chur i bhfeidhm. | Tacar tosaigh moltaí in athbhreithniú seachtrach IPA 2021/2022 ar an gComhairle curtha i bhfeidhm. |
| **SE2.3** Creat Rialachais Chorparáidigh agus beartais ábhartha a chothú agus a fhorbairt níos mó. | Monatóireacht agus athbhreithniú déanta ar bheartais faoin gCreat Rialachais Chorparáidigh<br><br>Ag cur le torthaí ó Iniúchadh Fuinnimh, beartas fuinnimh suímh forbartha agus bearta curtha i bhfeidhm. |
| **SE2.4** Beartais agus nósanna imeachta bainistíochta riosca a chothabháil de réir inghlacthacht riosca na Comhairle. | Monatóireacht déanta ar Phlean Leanúnachais Gnó.<br><br>Athbhreithniú agus nuashonrú déanta ar chláir riosca, agus úsáideadh iad ar fud na heagraíochta chun monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí agus freagairt dóibh ar bhonn leanúnach. |
| **SE2.5** Córais dhiana airgeadais agus rialuithe inmheánacha a chothú agus a fhorbairt níos mó, ag táirgeadh Ráitis Airgeadais iniúchta de réir na spriocdhátaí agus na gcaighdeán riachtanach. | Monatóireacht agus athbhreithniú déanta ar chórais agus nósanna imeachta bainistíochta airgeadais<br><br>Caighdeáin chuntasaíochta ábhartha a coinníodh ar aon líne le treoirlínte rialtais agus leis an dea-chleachtas maidir le comhairle chuntasaíochta<br><br>Cáipéisíocht le haghaidh iniúchadh inmheánach agus seachtrach curtha ar fáil chun tacú leis an gclár oibre atá leagtha amach ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca |

| | |
|---|---|
| | Próisis forbartha a thuilleadh chun tacú le cur i bhfeidhm an Bheartais um Shócmhainní Seasta, rianú sócmhainní agus comhlíonadh soláthair ghlais<br><br>Ráitis Airgeadais agus Tuairisceáin Chánach comhdaithe faoi spriocdhátaí sonraithe. |
| **SE2.6** Cloí le treoirlínte maidir le soláthar poiblí agus úsáid ceisteanna timpeallachta agus sóisialta i soláthar poiblí a chur chun cinn. | Comhlíonadh leanúnach le treoirlínte maidir le soláthar poiblí |
| **SE2.7** Na riachtanais dhlíthiúla agus reachtúla ar fad a bhaineann leis an eagraíocht a chomhlíonadh. | Obair chun comhlíonadh leanúnach reachtaíochta um chosaint sonraí curtha i gcrích<br><br>Leanadh de chomhlíonadh ceanglais an dea-rialachais agus, go háirithe, le Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016<br><br>Ceanglais tuairiscithe na Roinne Oideachais agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe comhlíonta go hiomlán<br><br>Tuarascáil bhliantúil 2021 foilsithe in am<br><br>Comhlíonadh reachtaíochta Sláinte agus Sábháilteachta coinnithe agus próisis athbhreithnithe agus nuashonraithe chun cleachtais oibre athraitheacha tar éis na paindéime a léiriú<br><br>Comhlíonadh an Achta um Thús Áite do Leanaí coinnithe; próisis ghrinnfhiosrúcháin an Gharda tríd an Roinn Oideachais athbhreithnithe agus nuashonraithe. |
| **SE2.8** Seirbhís custaiméara a chothú agus a fhorbairt níos mó, go hinmheánach agus go seachtrach araon, chun freastal ar riachtanais na ndaoine a bhíonn rannpháirteach linn agus leis an bpobal trí chéile. | Plean Gnímh um Sheirbhís Custaiméara curtha i bhfeidhm agus monatóireacht déanta air le próisis tacaíochta forbartha |

| |
|---|
| Córas gutháin feabhsaithe curtha i bhfeidhm chun tacú le hobair chumaisc. |

## Cumasóir Straitéiseach 3 – Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide

*Leanfaimid de bheith ag infheistiú i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide agus á húsáid chun infreastruchtúr tábhachtach a chur ar fáil chun tacú le cur i bhfeidhm an phlean straitéisigh. Teastaíonn cothabháil leanúnach, athbhreithniú agus uasdátú ón timpeallacht fhíorúil ina gcuirtear ár n-obair chun cinn ionas go ndéanfar cinnte de bhainistíocht éifeachtach maidir le sonraí agus córais, ag cur ar chumas ár ndaoine a ndícheall a dhéanamh agus chun fís agus misean CNCM a bhaint amach.*

| Torthaí an Phlean Straitéisigh | Dul chun cinn in 2022 |
|---|---|

| | |
|---|---|
| **SE3.1** Úsáid a bhaint as TFC go nuálach agus cumarsáid agus abhcóideacht a fheabhsú leis an bpobal agus chun plé agus rannpháirtíocht a spreagadh in obair CNCM.<br><br>**SE3.2** Leas a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, chomh maith leis na teicneolaíochtaí seo a úsáid chun tacú le cur i bhfeidhm an churaclaim, gníomhaíochtaí agus éifeachtúlachtaí oibríochta agus cúrsaí slándála a fheabhsú agus lorg carbóin CNCM a laghdú. | Straitéis na meán sóisialta agus úsáid ardáin na meán sóisialta forbartha a thuilleadh chun príomhtheachtaireachtaí a chomhroinnt faoi obair CNCM<br><br>Cothabháil déanta ar agus tacaíocht tugtha do theileafónaíocht agus leathanbhanda ar fud oifigí CNCM de réir comhaontuithe leibhéil seirbhíse; feabhsuithe i bhfeidhmiúlacht curtha i bhfeidhm chun tacú le cumarsáid inmheánach agus sheachtrach<br><br>Timpeallacht (crua-earraí/bogearraí) agus infreastruchtúr TFC coinnithe agus feabhsaithe mar fhreagairt ar riachtanais eagraíochtúla<br><br>Éiceachóras SharePoint inmheánach athdheartha agus uasghrádaithe<br><br>Monatóireacht déanta ar fhorbairtí atá ag teacht chun cinn in TFC agus úsáid bainte astu, mar is cuí, chun tacú le samhail oibre cumaisc<br><br>Clár eolais Power Bi forbartha chun tacú le gníomhaíochtaí oibríochtúla<br><br>Próisis agus cleachtais chibearshlándála athbhreithnithe agus beachtaithe bunaithe ar dhea-chleachtas agus treoirlínte náisiúnta. |
| **SE3.3** Muinín agus inniúlacht na foirne a fhorbairt ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha | FGL oiriúnach sainaitheanta do bhaill foirne chun cumais agus inniúlachtaí TFC a fheabhsú. |
| **SE3.4** Déantar suíomhanna gréasáin CNCM a nuashonrú agus a choinneáil mar fhreagairt ar riachtanais an chórais, aiseolais ó chustaiméirí, staitisticí maidir le húsáid gréasáin, riachtanais dhlíthiúla, agus forbairtí atá ag teacht chun cinn ar líne agus sna meáin shóisialta. | ncca.ie coinnithe agus tacaíocht tugtha dó de réir a chomhaontaithe leibhéil seirbhíse le hathdhearadh leathanaigh earnála baile<br><br>curriculumonline.ie coinnithe agus tacaíocht tugtha dó de réir a chomhaontaithe leibhéil seirbhíse le hathnuachan ar chroítheimpléid ar leathanaigh ghréasáin<br><br>Suíomh gréasáin um Threoir Chleachtais Aistear Síolta (www.aistearsíolta.ie) coinnithe mar fhreagairt ar uasghrádaithe bogearra agus aiseolas úsáideora |

**Cumasóir Straitéiseach 4 – Cumarsáid**

*Tá ról lárnach ag an gCumarsáid, go hinmheánach agus go seachtrach, in obair CNCM. Bainfimid úsáid as cumarsáidí soiléire agus tráthúla chun cur le muinín an phobail agus í a choinneáil maidir lenár gcuid oibre. Déanfaimid cinnte gurb ann do bhealaí cumarsáide oscailte taobh istigh den eagraíocht a chuireann le cultúr ina gcuirtear luach ar dhaoine, ina dtugtar meas do dhaoine, agus ina bhfuil daoine rannpháirteach maidir le cinnteoireacht, agus ina dtugtar cumhacht dóibh chun tabhairt faoi obair ar ardchaighdeán.*

| Torthaí an Phlean Straitéisigh | Dul chun cinn in 2022 |
|---|---|

| | |
|---|---|
| **SE4.1** Straitéis chumarsáide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ina bhfuil fócas láidir for-rochtana agus ina gcomhtháthaítear cumarsáidí le chéile ar fud na mbealaí chun teagmháil a dhéanamh le lucht féachana agus chun feasacht phoiblí ar ról CNCM a mhéadú agus ar an gcaoi a dtugann sí faoina cuid oibre. | Cumarsáid inmheánach idir baill foirne, páirtithe leasmhara, struchtúir agus coistí CNCM forbartha a thuilleadh<br><br>Oiliúint curtha ar fáil do bhaill foirne a bhfuil baint acu le cumarsáid a dhéanamh le pearsanra na meán<br><br>Rannpháirtíocht leathan ag cleachtóirí, múinteoirí, ceannairí scoile, tuismitheoirí, páistí, daoine óga agus an pobal i gcoitinne le hathbhreithniú agus athfhorbairt curaclaim agus measúnaithe ar fud earnálacha spreagtha<br><br>Raon meán agus ardán úsáidte chun saothar curaclaim agus measúnaithe CNCM a chomhroinnt agus chun spéis agus rannpháirtíocht a spreagadh<br><br>Físeáin eolais ar ról agus struchtúr CNCM foilsithe ar líne<br><br>Bileog eolais chun próifíl, féiniúlacht agus tuiscint ar shaothar CNCM foilsithe<br><br>Eolas tugtha do chomhfhreagraithe oideachais ó sholáthraithe meán náisiúnta maidir le forbairtí curaclaim agus measúnaithe. |
| **SE4.2** Leas a bhaint as forbairtí maidir le teicneolaíochtaí digiteacha agus meáin chloíte agus meáin dhigiteacha chun leathnú a dhéanamh ar chumarsáidí inmheánacha agus seachtracha agus iad a fheabhsú. | Ardáin meán sóisialta forbartha a thuilleadh chun saothar curaclaim agus measúnaithe CNCM a chomhroinnt<br><br>Suíomhanna gréasáin feabhsaithe chun eolas suas chun dáta a chur ar fáil ar shaothar curaclaim agus measúnaithe CNCM<br><br>Bainc íomhánna a chuireann ar fáil grianghraif le haghaidh ábhair churaclaim agus mheasúnaithe agus suíomhanna gréasáin nuashonraithe. |
| **SE4.3** Saineolas na mball foirne a fhorbairt tuilleadh i réimse na cumarsáide lena n-áirítear a bheith ag obair leis na meáin. | Seirbhísí caidrimh phoiblí faighte, mar is cuí, chun cabhrú le baill foirne agus comhairle a thabhairt dóibh maidir le cumarsáid sheachtrach ar athrú curaclaim agus measúnaithe. |

| | |
|---|---|
| **SE4.4** Leanúint de bheith ag forbairt beartas, córas agus próiseas chun rochtain oscailte ar shonraí ábhartha a chur ar fáil agus ar mhaithe le monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtacht | Beartas um Shonraí Oscailte forbartha agus cur i bhfeidhm, ar bhonn píolótach, tugtha chun cinn. |
| **SE4.5** Aiseolas seachtrach a bhailiú agus a úsáid chun eolas a dhéanamh do chuir chuige agus do straitéisí cumarsáide éifeachtacha agus chun iad a fheabhsú. | Teimpléid agus doiciméid CNCM oiriúnaithe mar fhreagairt ar aiseolas inmheánach agus seachtrach<br><br>Dearadh, inneachar agus uainiú ríomhchumarsáid info@ncca athbhreithnithe mar fhreagairt ar aiseolas inmheánach agus seachtrach |

# 3. Maidir le CNCM

Is comhlacht reachtúil í an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta a bhfuil sé mar dhualgas aici comhairle a chur ar an Aire Oideachais faoi churaclam agus faoi mheasúnú don oideachas luathóige, agus do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Cuirtear roinnt faisnéis chúlra faoin gComhairle, a ballraíocht, a struchtúir eagraíochtúla agus a maoiniú i láthair na huaire ar fáil sa chuid seo den Tuarascáil Bhliantúil.

## Fís

Leagtar amach inár bPlean Straitéiseach do 2022-2025 gurb é an fhís atá againn forbairtí a stiúradh agus a chothú maidir le curaclam agus measúnú atá sách forleathan ionas go mbeidh páistí agus scoláirí uile in ann eispéiris thaitneamhacha, rannpháirteacha, ábhartha agus atá dúshlánach go cuí a bheith acu chomh maith le tairbhe a bhaint astu, chun tacú le foghlaim, maireachtáil, cúnamh, cúram, agus obair i saol a bhíonn ag athrú i gcónaí.

## Misean

Is é ár misean comhairle a chur ar an Aire Oideachais maidir le curaclam agus measúnú san oideachas luath-óige anonn go dtí an tsraith shinsearach in iar-bhunscoileanna ach

- a bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le páistí, scoláirí, múinteoirí, cleachtóirí, tuismitheoirí, ceannairí scoile, bainisteoirí, agus eile

- taighde a ghiniúint, a úsáid agus a chomhroinnt mar bhonn le comhairle, plé agus díospóireacht ar theagasc, foghlaim agus measúnú

- comhoibriú le comhpháirtithe oideachais agus le páirtithe leasmhara níos leithne chun coinníollacha a chruthú chun tacú le cur i bhfeidhm rathúil forbairtí curaclaim agus measúnaithe
- ómós a bheith againn d'ionchuimsiú, cáilíocht, ábharthacht agus dul chun cinn maidir le heispéireas daoine óga ar churaclam agus measúnú

## Rialachas

Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) faoi Acht Oideachais, 1998. Leagtar amach feidhmeanna na Comhairle in Alt VII den Acht. Tá an Chomhairle cuntasach don Aire Oideachais agus freagrach as rialachas maith a chinntiú. Tugann an Chomhairle faoin tasc

sin ag leagan spriocanna agus gníomhaíochtaí straitéiseacha amach agus ag déanamh cinntí straitéiseacha i ngach príomhréimse dá cuid oibre. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta freagrach as bainistíocht, rialú agus treoir laethúil CNCM. Ní mór don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus don fhoireann ardbhainistíochta cloí leis an treoir straitéiseach leathan a shonraíonn an Chomhairle agus tá orthu a áirithiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach duine de chomhaltaí na Comhairle ar na príomhghníomhaíochtaí agus na cinntí a bhaineann leis an gComhairle agus ar aon riosca suntasach a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar idirghabhálaí díreach idir an Chomhairle agus lucht bainistíochta CNCM.

## Freagrachtaí na Comhairle

Leagtar amach obair agus freagrachtaí na Comhairle san Acht Oideachais, 1998 (Alt VII), agus sa sceideal a ghabhann leis. Is iad seo a leanas na cúrsaí a ndéanann an Chomhairle amháin cinntí ar a son:

- faomhadh gach sonraíochta curaclaim agus measúnachta agus creata curaclaim.
- faomhadh cáipéisí comhairliúcháin.
- faomhadh treoracha agus straitéisí beartais.
- faomhadh pleananna straitéiseacha agus pleananna oibre bliantúla.
- faomhadh tuarascálacha bliantúla.
- faomhadh cuntas bainistíochta ráithiúil agus ráiteas airgeadais bliantúil.
- faomhadh aon athrú suntasach i mbeartais nó i nósanna imeachta cuntasaíochta.
- faomhadh an Ráitis Bhliantúil ar Rialú Inmheánach.
- faomhadh an Ráitis Rialachas bhliantúil agus Thuarascáil na gComhaltaí Boird.
- faomhadh na gconarthaí a bhronntar a mbaineann luach €50,000 nó níos mó leo.
- faomhadh beartas bainistíochta riosca.
- faomhadh na dtéarmaí tagartha agus ceapachán ar aon fhochoiste de chuid na Comhairle m.sh. an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca.

- faomhadh chun Boird agus Meithleacha Forbartha a bhunú.

- faomhadh cheapachán na gCathaoirleach Bord lena n-áirítear Boird don Luathóige agus don Bhunscoil, agus don tSraith Shóisearach agus don tSraith Shinsearach.

- faomhadh comhthofa comhaltaí ar Bhoird.

- faomhadh chun téarma Boird, Meithle Forbartha nó fochoiste a shíneadh, i gcás ina dtagann fadhbanna chun cinn a dteastaíonn cruinniú uathu le linn na tréimhse aistrithe le haghaidh cheapadh na Comhairle nua.

- faomhadh Buanorduithe.

Tá na míreanna seo a leanas i measc na mbuanmhíreanna a ndéanann an Chomhairle breithniú ar a son:

- dearbhú leasanna
- tuairiscí ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin
- tuairiscí ó fhochoistí na Comhairle
- bainistíocht riosca.

Cuirtear tuairiscí airgeadais agus bainistíochta le chéile agus déanann an Chomhairle breithniú orthu ar bhonn ráithiúil.  Déantar an Plean Oibre agus an t-athbhreithniú ar fheidhmíocht an Phlean Oibre a bhreithniú go bliantúil.  Déantar cúrsaí forchoimeádta a bhreithniú nuair a thagann siad chun cinn.

Ceanglaítear ar an gComhairle faoi Alt VII (46) den Acht Oideachais, 1998, na cuntais agus na taifid go léir is cuí agus is gnách ar an ioncam go léir a gheobhaidh sí agus ar an gcaiteachas go léir a thabhóidh sí a chóiméad, i cibé foirm a cheadóidh an tAire, le cead ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ceanglaítear ar CNCM na rudaí seo a leanas a dhéanamh nuair atáthar ag ullmhú na ráiteas airgeadais sin:

- beartais cuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go leanúnach
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach sa chás go bhfuil sé míchuí le toimhdiú go leanfaidh sí a bheith i bhfeidhm agus
- a dhearbhú cibé ar cloíodh leis na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha uathu a bheith nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais.

Tá an Chomhairle freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choinneáil ina nochtar a staid airgeadais, le cruinneas réasúnta maith uair ar bith, agus a chuireann ar chumas na Comhairle a áirithiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt VII (46) den Acht Oideachais, 1998. Tá an Chomhairle freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá le fáil ar shuíomh gréasáin CNCM. Cinntíonn an Chomhairle go bhforáiltear le haghaidh iniúchadh inmheánach agus go ndéanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca maoirseacht air. Feidhmíonn an tIniúchóir Inmheánach neamhspleách ar an bhFeidhmeannas[1] san obair iniúchta a dhéanann sé agus tá cearta rochtana aige ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Feidhmíonn sé laistigh den bhuiséad a chomhaontaítear leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, buiséad atá mar chuid de bhuiséad CNCM dá réir. Leagann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an buiséad amach don Iniúchadh Inmheánach, ag cur scála agus acmhainní CNCM san áireamh.

Tá an Chomhairle freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. Tugadh faoi mheasúnú ar fheidhmíocht CNCM faoi threoir an phlean agus an bhuiséid bhliantúil freisin.

Tá an Chomhairle freagrach as a sócmhainní a chosaint freisin, agus dá bhrí sin, as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Rinne an Chomhairle na ráitis airgeadais le haghaidh 2022 a bhreithniú agus tugtar le fios gur ullmhaíodh iad i gcomhréir leis na beartais airgeadais riachtanacha a leagtar amach thuas. Tugtar deimhniú ar bhainistíocht airgeadais agus rialú inmheánach cuí laistigh de CNCM sna ráitis sin. Measann an Chomhairle go bhfuil léargas cothrom agus fíor ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais CNCM, amhail an 31 Nollaig 2022, sna ráitis airgeadais.

## Struchtúr na Comhairle

Tá Cathaoirleach amháin, beirt Leas-Chathaoirleach agus 23 gnáthchomhalta ar an gComhairle, agus ceapann an tAire Oideachais na daoine sin uile ar bhonn ainmniúcháin a fhaightear ó

[1] Tá an téarma 'Feidhmeannas' in úsáid sa tuarascáil chun tagairt a dhéanamh d'fhoireann lánaimseartha CNCM.

cheardchumainn múinteoirí, boird bhainistíochta, eagraíochtaí tuismitheoirí agus tionscail agus eagraíochtaí eile.

D'fhógair an tAire Oideachais, Norma Foley T.D., ar an 6 Aibreán 2022, gur ceapadh Comhairle nua ar feadh téarma ceithre bliana go dtí an 28 Feabhra 2026. Tháinig téarma na Comhairle roimhe sin chun críche ar an 28 Feabhra 2022. Buaileann an Chomhairle le chéile seacht n-uaire in aghaidh na bliana de ghnáth. Tionóladh ocht gcruinniú in 2022. Tionóladh an chéad chruinniú in 2022 ar líne ach tionóladh na seacht gcruinniú eile ar bhonn pearsanta de réir mar a tháinig deireadh le freagairt na paindéime COVID-19 sa tír.

Ar an 27 Aibreán 2023, d'fhógair an tAire Oideachais gur shínigh sí Ionstraim Reachtúil, ag nuashonrú bhallraíocht na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) chun Uachtarán Aontas Scoláirí Dara Leibhéal na hÉireann (ASDLÉ) a chur san áireamh.

D'fhág sé sin go raibh 26 comhalta sa bhallraíocht ina hiomláine.

Sonraítear sa tábla thíos an tréimhse cheapacháin do chomhaltaí a ceapadh/a athcheapadh ón 1 Márta 2022 ar aghaidh:

***Comhaltaí na Comhairle 2022***

| **Ainm** | **An Eagraíocht Ainmnithe** *(nuair is infheidhme)* | **An Dáta ar Ceapadh i dtosach é nó í** | **An Dáta (na dátaí) ar Athcheapadh é nó í** |
|---|---|---|---|
| An tUasal Sean Ó Foghlú,<br><br>Cathaoirleach | An tAire Oideachais | 12 Nollaig, 2022 | |
| Emer Egan, Uasal<br><br>Cathaoirleach Eatramhach | An tAire Oideachais | 1 Iúil 2022 go dtí an 11 Nollaig 2022 | |
| An tOll. Mary O'Sullivan<br><br>Cathaoirleach go dti an 28 Feabhra, 2022 | An tAire Oideachais | 1 Bealtaine 2019 | Cathaoirleach Eatramhach ón 1 Márta, 2022 go dtí an 30 Meitheamh, 2022 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| An tUasal Joe McKeown,<br><br>Leaschathaoirleach | Cumann Múinteoirí Éireann | 1 Márta 2019 | 1 Márta 2022 |
| An Dr Michael Redmond,<br><br>Leaschathaoirleach | Comhchoiste na mBainisteoirí | 1 Aibreán 2015 | 1 Márta, 2022 |
| An tUasal Denis Ring | Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha | 1 Márta, 2022 | |
| An tUasal Ed Byrne | Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire | 18 Aibreán 2019 | 1 Márta, 2022 |
| Deirdre MacDonald, Uasal | Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire | 1 Márta, 2022 | |
| An tUasal Rory D'Arcy | Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha | 1 Márta, 2022 | |
| An tUasal Joyce Perdue | Bord Oideachais Eaglais na hÉireann | 1 Márta 2019 | 1 Márta, 2022 |
| An tUasal Orlaith O'Connor | An Roinn Oideachais | 9 Meán Fómhair 2019 | 1 Márta, 2022 |
| An tUasal Anne McHugh | Boird Oideachais agus Oiliúna, Éire | 1 Márta 2019 | 1 Márta, 2022 |
| Edel Ní Chorráin | Foras na Gaeilge | 1 Márta 2019 | 1 Márta, 2022 |
| An tUasal Claire McGee | Ibec | An 1 Márta 2019 go dtí an 1 Nollaig, 2021 | 1 Samhain, 2022 |
| An tUasal Brian Tubbert | Comhdháil na gCeardchumann | 1 Márta 2019 | 1 Márta, 2022 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Deirdre Murphy, Uasal | Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile | 1 Márta, 2022 | |
| An tUasal Carmel Browne | Cumann Múinteoirí Éireann | 1 Márta 2019 | 1 Márta, 2022 |
| Máirín Ní Chéileachair, Uasal | Cumann Múinteoirí Éireann | 1 Márta, 2022 | |
| An tUasal Patricia Gordon | Comhchoiste na mBainisteoirí | 1 Márta 2019 | 1 Márta, 2022 |
| An Dr Finn Ó Murchú | Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta san Oideachas Speisialta | 1 Márta 2019 | 1 Márta, 2022 |
| Claire Downey, Uasal | An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí - Bunbhrainse | 1 Márta, 2022 | |
| Martina O'Shea, Uasal | An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí (Iar-bhunoideachais) | 1 Márta, 2022 | |
| An Dr Teresa Hagan | Ainmní an Aire Oideachais agus Scileanna | 1 Márta 2019 | 1 Márta, 2022 |
| An Dr Sheila Garrity | Ainmní an Aire Páistí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige | 2021 | 1 Márta, 2022 |
| Elaine Sheridan | Coimisiún na Scrúduithe Stáit | An 1 Nollaig 2021 | 1 Márta, 2022 |
| An tUasal David Duffy | Aontas Múinteoirí Éireann | 25 Meitheamh 2015 | 1 Márta, 2022 |
| An tUasal Liz Farrell | Aontas Múinteoirí Éireann | 1 Márta 2019 | 1 Márta, 2022 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Caitlin Faye Maniti, Uasal | Aontas Scoláirí Dara Leibhéal na hÉireann (ón 27 Aibreán 2022) | 9 Iúil 2022 | |

## Cothromaíocht Inscne i mballraíocht na Comhairle

Ar an 31 Nollaig 2022, bhí 17 (65%) chomhalta ban agus 9 (35%) gcomhalta fear ag an gComhairle.

Níor bhain an Bord amach dá bhrí sin, amhail an 31 Nollaig, sprioc an Rialtais maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad a bheith ag gach inscne sa bhallraíocht ar Bhoird Stáit.

## Soláthar Glas agus Éifeachtúlacht Fuinnimh

Tá treochlár leagtha amach ag Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2021 de chuid an Rialtais chun astaíochtaí na hÉireann a laghdú faoina leath faoi 2030 agus neodracht a bhaint amach roimh 2050 ar a dheireanaí. Beidh an Earnáil Phoiblí ag tabhairt ceannaireachta le dea-shampla san aistriú seo trí astaíochtaí a laghdú faoi 51% faoi 2030, lena n-áirítear fostaithe san earnáil phoiblí a shainordú bogadh go 20% obair ó bhaile agus cianobair.

Tá freagracht ar CNCM, mar chuid den earnáil phoiblí, soláthar glas a chur chun cinn chun tacú le haidhmeanna forbartha inbhuanaithe níos leithne agus timpeallachta na hÉireann.

Sa chomhthéacs seo, thug CNCM faoi roinnt tionscnamh in 2022 chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh:

- Leanadh ar aghaidh ag cur le torthaí ó Iniúchóireacht Fuinnimh SI426 choimisiúnaithe a rinne comhairleoir faofa de chuid SEAI.
- Tuairiscíodh sonraí faoi ídiú fuinnimh tríd an gcóras SEAI Monatóireacht agus Tuairisciú. Cuireadh na sonraí riachtanacha faoi bhráid ag na spriocdhátaí.
- Rinneadh bailiú agus próisis maidir le Taisteal agus Cothú a leasú go suntasach chun an riachtanas le haghaidh gach comhlacht poiblí sonraí bliantúla ar thaisteal gnó a thuairisciú go SEAI ó 2021 ar aghaidh mar chuid de Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021.
- Lean cothabháil shonrach córas téimh agus aerchóirithe de bheith ag feabhsú cáilíocht aeir agus ag uasmhéadú éifeachtúlachta.

- Cuireadh tús le bolgán solais atá tíosach ar fhuinneamh a chur isteach in ionad bolgáin solais níos sine.

- Priontáil agus postas laghdaithe trí sholáthar na meán leictreonach.

## Comhionannas agus Cearta Daonna

Bhunaigh roinn 42 d'Acht um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 dualgas dearfach ar chomhlachtaí san earnáil phoiblí chun:

- deireadh a chur le leithcheal
- comhionannas deise agus caitheamh le gach duine ar bhonn cothrom a chur chun cinn
- cearta daonna a chosaint

Ciallaíonn an méid sin go bhfuil dualgas dlíthiúil ar gach comhlacht poiblí in Éirinn, lena n-áirítear CNCM, comhionannas a chur chun cinn, leithcheal a sheachaint agus cearta duine a chuid fostaithe a chosaint chomh maith le custaiméirí, úsáideoirí seirbhíse agus gach duine lena mbaineann a mbeartais agus a bpleananna. Is oibleagáid dhlíthiúil é seo, ar a dtugtar Dualgas Comhionannas agus Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí.

## Achtanna na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus 2021

Cuireann Achtanna na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus 2021 ar fáil creat reachtúil ar fáil le haghaidh seachadadh seirbhísí poiblí trí Ghaeilge. Is é an príomhchuspóir méid agus cáilíocht na seirbhísí a chuireann comhlachtaí poiblí ar fáil trí Ghaeilge a mhéadú agus a fheabhsú.

Tá CNCM tiomanta chun a hoibleagáidí faoi Achtanna na dTeanga Oifigiúla a chomhlíonadh. Foilsítear Tuarascáil Bhliantúil, Plean Straitéiseach agus príomhdhoiciméid bheartais CNCM go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla ar shuíomhanna gréasáin CNCM. Leanann CNCM de bheith ag spreagadh agus ag éascú baill foirne úsáid a bhaint as an raon tacaíochtaí agus go háirithe freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge. Tacaítear le baill foirne ar bhonn leanúnach an Teastas i nGaeilge Ghairmiúil (CNC leibhéil 2 go 6) agus an cúrsa i Scileanna Gutháin agus Seirbhís do Chustaiméirí a dhéanamh le Gaelchultúr. Tá freagracht reachtúil ar CNCMa chinntiú gur féidir le húsáideoir a dá phríomhshuíomh gréasáin a úsáid i nGaeilge agus i mBéarla. Tá aistriúchán ar gach inneachar suímh gréasáin trí chomhéadan ríomhchlárúcháin feidhmchláir (CRF) ar fáil do gach ball foirne le húsáid ar na suíomhanna www.ncca.ie agus www.curriculumonline.iearaon. De thoradh ar an gcóras CRF seo a thabhairt isteach cinntítear seal fuirigh níos éifeachtúla d'ábhair aistrithe dár n-inneachar suímh gréasáin, agus is cabhair é sa deireadh chun a chinntiú go bhfuil ábhar ar fáil ag an am céanna d'úsáideoirí i nGaeilge

agus i mBéarla. Tá CNCM tiomanta do leanúint de bheith ag feabhsú i rith an ama méid agus cáilíocht na cáipéisíochta agus na seirbhísí a chuirtear ar fáil i nGaeilge.

## Comhlachtaí Stáit do Sholáthar Faisnéise do Chomhaltaí den Oireachtas

Comhlíonann CNCM ceanglais Imlitir 25/2016: Prótacal chun Comhlachtaí Stáit do Sholáthar Faisnéise do Chomhaltaí an Oireachtais.

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tá ceathrar comhaltaí de chuid na Comhairle agus comhalta seachtrach amháin ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR). Is é ról an Choiste tacaíocht a thabhairt don Chomhairle faoina freagrachtaí maidir le ceisteanna riosca, rialaithe, rialachais agus an dearbhú a bhaineann leo. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an Coiste don Chomhairle i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn ar bhonn bliantúil. Cuirfear an tuarascáil bhliantúil seo ar fáil go luath i Ráithe 3 2023 Dé www.ncca.ie.

Reáchtáladh 7 gcruinniú de CIR in 2022, lena n-áirítear comhchruinniú de CIR agus an Coiste Rialachais. Ba chruinnithe fíorúla iad na cruinnithe seo go léir, a tionóladh ar líne.

Ar CIR ag tús 2022 bhí Joe McKeown, Cathaoirleach, Geoff Browne, Teresa Hagan, Anne McHugh agus Joan O'Connor (comhalta neamhspleách). D'fhan an CIR seo a bheith i bhfeidhm nuair a ceapadh Comhairle nua ón 1 Márta 2022 chun cabhrú san aistriú. Cheap an Chomhairle CIR nua ón 12 Bealtaine 2023. Lean Joe McKeown ar aghaidh mar Chathaoirleach le Teresa Hagan, Rory D'Arcy, Edel Ní Chorráin ceaptha freisin*.

*bhí ról an chomhalta sheachtraigh folamh ar an 31 Nollaig 2022 ach líonadh é go luath i ráithe 2 de 2023.

## An Coiste Rialachais (CR)

Tá ceathrar comhaltaí de chuid na Comhairle agus comhalta seachtrach amháin ar an gCoiste Rialachais. Is é ról an Choiste tacaíocht a thabhairt don Chomhairle maidir le ceanglais dhlíthiúla agus reachtúla a chomhlíonadh, mar aon le dea-chleachtas a ghlacadh i leith an rialachais. Tuairiscíonn an CR don Chomhairle i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn ar bhonn bliantúil. Cuirfear an tuarascáil bhliantúil seo ar fáil go luath i Ráithe 3 2023 Dé www.ncca.ie.

Ar an gCoiste Rialachais ag tús 2022 bhí Deirbhile Nic Craith (Cathaoirleach), Michael Delargey, Áine Lynch, Áine O'Sullivan agus Dermot O'Riordan (comhalta seachtrach). D'fhan an CR seo a bheith i bhfeidhm nuair a ceapadh Comhairle nua ón 1 Márta 2022 chun cabhrú san aistriú.

Ón 12 Bealtaine, 2022, cheap an Chomhairle CR nua, arb é an bhallraíocht anois an tUasal Dermot O'Riordan (Cathaoirleach), an Dr Sheila Garrity, Deirdre Mac Donald, Uasal, an tUasal Denis Ring Uasal agus Máirín Ní Chéileachair, Uasal.

Reáchtáladh 4 gcruinniú den Choiste Rialachais in 2022, lena n-áirítear comhchruinniú de CIR agus an Coiste Rialachais. Ba chruinnithe fíorúla iad na cruinnithe seo go léir, a tionóladh ar líne.

## Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costas

Leagtar amach thíos sceideal de thinreamh ag cruinnithe de chuid na Comhairle agus na gCoistí in 2022 agus áirítear leis na costais a fuair gach comhalta. Ní fhaigheann comhaltaí na Comhairle agus na gCoistí táillí as a bheith rannpháirteach sa Chomhairle:

| Ainm | Líon Cruinnithe de chuid na Comhairle | Líon Cruinnithe de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca | Líon Cruinnithe de chuid an Choiste Rialachais | Costais (ní íoctar aon táillí le comhaltaí na Comhairle)[2] |
|---|---|---|---|---|
| An tOll. Mary O'Sullivan | 5/5 | | | 1,134 |
| Emer Egan, Uasal | 2/3 | | | |

[2] Baineann na costais uile a shonraítear le taisteal intíre agus ní bhaineann siad le tinreamh ag cruinnithe de chuid na Comhairle amháin. Bíonn comhaltaí na Comhairle rannpháirteach i struchtúir eile de chuid na Comhairle amhail na Boird uileghabhálacha don Luathóige agus don Bhunscoil, agus don tSraith Shóisearach agus don tSraith Shinsearach. D'fhéadfaidís páirt a ghlacadh i mBoird Agallaimh CNCM le haghaidh baill foirne nua freisin. Tagraítear d'iomlán na rannpháirtíochta sin sna costais seo.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| An tUasal Sean Ó Foghlú | 0/0 | | | |
| An Dr Deirbhile Nic Craith | 2/2 | | 2 | 171 |
| An Dr Michael Redmond | 8/8 | | | |
| Áine O Sullivan | 2/2 | | 1 | |
| An tUasal Ed Byrne | 7/8 | | | 510 |
| Máire Ní Chiarba Uas. | 2/2 | | | 221 |
| An tUasal Fergal Kelly | 2/2 | | | |
| An tUasal Joyce Perdue | 7/8 | | | |
| An tUasal Orlaith O'Connor | 7/8 | | | |
| An tUasal Anne McHugh | 7/8 | 3 | | 1,309 |
| Edel Ní Chorráin | 6/8 | 4 | | |
| An tUasal Claire McGee | 2/2 | | | 127 |
| Meadhbh Costello | 4/6 | | | |
| An tUasal Brian Tubbert | 6/8 | | | 234 |
| An tUasal Michael Delargey | 1/2 | | 1 | |
| An tUasal Carmel Browne | 7/8 | | | 578 |
| An tUasal Joe McKeown | 7/8 | 7 | | |
| An tUasal Patricia Gordon | 8/8 | | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| An Dr Finn Ó Murchú | 8/8 | | | 3,905 |
| Áine Lynch | 2/2 | | 1 | |
| An tUasal Geoff Browne | 1/2 | 3 | | |
| An Dr Teresa Hagan | 8/8 | 3 | | |
| An Dr Sheila Garrity | 7/8 | | 2 | 530 |
| An tUasal David Duffy | 8/8 | | | |
| An tUasal Liz Farrell | 7/8 | | | 917 |
| Caitlin Faye Maniti, Uasal | 3/3 | | | 210 |
| Claire Downey, Uasal | 6/6 | | | |
| Deirdre MacDonald, Uasal | 6/6 | | 1 | 1,380 |
| Deirdre Murphy, Uasal | 3/6 | | | |
| An tUasal Denis Ring | 5/6 | | 1 | 1,939 |
| Elaine Sheridan | 6/8 | | | |
| Máirín Ní Chéileachair, Uasal | 5/6 | | 1 | 364 |
| Martina O'Shea, Uasal | 3/6 | | | |
| An tUasal Rory D'Arcy | 5/6 | 4 | | 1,359 |
| Emer Neville, Uasal | 2/2 | | | |
| An tUasal Joan O'Connor (An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca) | - | 2 | | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| An tUasal Dermot O'Riordan (An Coiste Rialachais) | - | | 4 | |
| Iomlán | | | | 14,888 |

## Príomhathruithe Pearsanra

I measc na n-athruithe a tháinig ar an bhFeidhmeannas bhí ceapadh Jacinta Regan, Uasal mar Stiúrthóir, Curaclam agus Measúnú, ar an 26 Eanáir 2022. Thosaigh Diarmuid Mooney agus Ger O'Sullivan i róil mar Stiúrthóir, Curaclam agus Measúnacht ón 1 Eanáir 2022 agus ón 4 Aibreán 2022 faoi seach. Áiríodh ar athruithe eile i measc baill foirne ar iasacht/ar conradh aon Oifigeach déag Oideachais a ceapadh, an iontógáil is mó ball foirne in aon bhliain amháin do CNCM.

## Nochtadh a Éilítear de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Chomhairle freagrach as a áirithiú gur chomhlíon CNCM ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear an nochtadh seo a leanas de réir an Chóid.

## Miondealú ar na Sochair Ghearrthéarma a fhaigheann Fostaithe

Leagtar amach thíos na socair ghearrthéarma a fhaigheann fostaithe atá níos mó ná €60,000; i gcás CNCM, tagraíonn an méid sin d'fhigiúirí tuarastail amháin.

| Ó | Go | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| €60,000 | €69,999 | 1 | 8 |
| €70,000 | €79,999 | 9 | 3 |
| €80,000 | €89,999 | 14 | 13 |
| €90,000 | €99,999 | 14 | 10 |
| €100,000 | €109,999 | 4 | 0 |
| €110,000 | €119,999 | 1 | 0 |
| €120,000 | €129,999 | 0 | 0 |
| €130,000 | €139,999 | 0 | 0 |
| €140,000 | €149,999 | 0 | 0 |
| €150,000 | €159,999 | 1 | 1 |

Chun críocha an nochta seo, i measc sochair ghearrthéarma fostaithe maidir le seirbhísí a cuireadh ar fáil le linn na tréimhse tuairiscithe tá tuarastal, liúntas ama breise agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, ach fágtar **ar lár** ÁSPC an fhostóra.

## Costais agus Socraíochtaí Dlíthiúla

Níor thabhaigh CNCM aon chostais ná socraíochtaí dlíthiúla in 2022 de réir na dtéarmaí a leagtar amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Tabhaíodh táillí dlí €19,387 (2021: €11,543) le haghaidh comhairle ghinearálta i dtaca le hathbhreithniú beartais.

## Costais Chomhairliúcháin

Áirítear costais a bhaineann le comhairle sheachtrach a chur ar fáil don lucht bainistíochta i gcostais chomhairliúcháin agus ní áirítear na feidhmeanna 'gnó mar is gnách' a cuireadh amach ar conradh in 2022, agus tabhaíodh iad le haghaidh comhairle ghinearálta.

### Táillí gairmiúla agus comhairliúcháin

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Táillí cuntasaíochta agus táillí gairmiúla eile | 44,833 | 39,939 |
| Táille iniúchóireachta seachtraí | 14,000 | 14,000 |
| Táille iniúchóireachta inmheánaí | 8,303 | 7,841 |
| Comhairliúchán (taighde a coimisiúnaíodh le haghaidh obair churaclaim agus mheasúnachta) | 498,771 | 516,356 |
| **Iomláin** | **565,907** | **578,136** |

## Caiteachas Fáilteachais

Áirítear an caiteachas fáilteachais seo a leanas sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Déantar costais fáilteachais a rangú mar chostais Inmheánacha (imeachtaí foirne, scoir, srl.) agus mar chostais Sheachtracha (cainteoirí comhdhála a thagann ar cuairt, cruinnithe le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta comhionanna, srl.).

| | 2022<br>€ | 2021<br>€ |
|---|---|---|
| Inmheánach | 9,186 | 3,014 |
| Seachtrach | 2,106 | 1,600 |
| **Iomláin** | 11,292 | 4,614 |

## An Ráiteas Comhlíontachta i leith an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gComhairle sna príomhréimsí chun an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh. Leanfar ar aghaidh ag obair ar ghnéithe áirithe den Chód Cleachtais san fhorbairt, athbhreithniú agus athchóiriú a dhéanfar ar bheartais sa tréimhse amach romhainn.

De réir mar a lean an tír ar aghaidh ag teacht amach ó bhealaí malartacha oibre a cuireadh i bhfeidhm mar fhreagairt ar an bpaindéim, lean obair ar aghaidh laistigh de CNCM maidir le beartas um obair chumaisc agus a fhorbairt rialuithe gaolmhara maidir le TFC agus cibearshlándáil a fhorbairt agus maidir lena chinntiú go raibh baill foirne ag obair i dtimpeallachtaí oifige baile sábháilte agus oiriúnacha go heirgeanamaíoch.

Rinne an Coiste Rialachais machnamh ar Straitéis Daoine le haghaidh CNCM, leanfar ar aghaidh leis an obair ina leith seo le linn 2023. Nuashonraíodh Téarmaí Tagartha don Chomhairle agus don Choiste Rialachais, mar a rinneadh le treoirlínte do chomhaltaí Comhairle ar imeacht dóibh maidir le cáipéisí Comhairle a láimhseáil agus gléasanna a thabhairt ar ais. Athbhreithníodh Ráiteas ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an Chomhairle le haghaidh ionduchtúchán comhaltaí nua Comhairle agus rinneadh machnamh ar na moltaí le haghaidh Rialachas Choistí CNCM laistigh de thuarascáil IPA tar éis an athbhreithnithe sheachtraigh ar an gComhairle. Cuireadh ionduchtúchán agus tacaíocht TF ar fáil do chomhaltaí na Comhairle nua agus dá cuid struchtúr cumasaithe chun tacú le leanúnachas oibre. Áiríodh leis seo seisiúin oiliúna ón IPA ar an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus freagrachtaí comhaltaí boird.

Tá Comhaontú Seachadta Feidhmíochta i bhfeidhm idir an Roinn Oideachais agus CNCM, lena gclúdaítear cúrsaí rialachais, feidhmíochta, maoinithe agus caidrimh thuairiscithe. Maidir le forálacha an Chóid nár cheart d’aon chomhalta Boird Stáit breis agus dhá théarma iomlána ceapacháin a fhónamh ar an mBord sin, nó nár cheart dó/di ceapacháin a bheith aige/aici ar bhreis agus dhá Bhord Stáit, ag an am céanna, tá cleachtas seanbhunaithe ann nach mbaineann na forálacha seo le CNCM nuair a ainmníonn eagraíochtaí ball foirne ag a bhfuil freagrachtaí díreacha i réimsí forbartha curaclaim agus beartais churaclaim ina eagraíocht féin, agus, dá bharr sin, daoine a rachadh a saineolas chun tairbhe gach duine ábhartha sa chomhthéacs sin.

Chuir an Chomhairle féinmheasúnú ar a héifeachtacht, lena n-áirítear suirbhé a d'éascaigh eagraíocht neamhspleách, i gcrích go luath in 2021 agus thug an Chomhairle faoi athbhreithniú seachtrach inar úsáideadh eagraíocht neamhspleách eile i ndeireadh 2021. Leanfaidh an Chomhairle de bheith ag úsáid na dtorthaí chun tacú le struchtúir agus próisis forbartha curaclaim CNCM, agus tarraingíodh orthu le linn fhorbairt an phlean straitéisigh 2022 go 2026.

## Cosaint Leanaí

D'fhorbair CNCM nósanna imeachta agus treoirlínte don fhoireann maidir le cosaint leanaí agus gnóthaí leasa mar chuid de na ceanglais a achtaíodh in 2017 faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú i Meán Fómhair 2022 ar Ráiteas CNCM um Chosaint Leanaí, atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag www.ncca.ie. Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann.

## Foireann

Tá foireann fheidhmeannach lánaimseartha ag CNCM a bhíonn faoi cheannas an Phríomhfheidhmeannaigh, Arlene Forster. Ba é seo a leanas an fhoireann in 2022:

**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin:**

Arlene Forster

**Na Leas-Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin:**

Barry Slattery

Patrick Sullivan

**Stiúrthóirí, Curaclam agus Measúnacht:**

Jacqueline Fallon

Derek Grant

Diarmuid Mooney (Gníomhach ón 1 Eanáir 2022)

Ben Murray

Elaine Ní Neachtain

Evelyn O'Connor (Gníomhach)

Ger O'Sullivan (Gníomhach ón 4 Aibreán 2022)

Jacinta Regan (ón 26 Eanáir 2022)

Aoife Rush

**Seirbhísí Corparáideacha:**

Áine Armstrong-Farrell, Leas-Phríomhoide

Maura Dee, Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin

Bernard Plunkett, Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin

Ann Young, Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin

Morgan Lockhart, Oifigeach Feidhmiúcháin

Deirdre Dunne, Oifigeach Feidhmiúcháin

Alan Cooling, Oifigeach Cléireachais

Rosaleen Daly, Oifigeach Cléireachais (go dtí an 5 Eanáir 2022)

Bernie Gallagher, Oifigeach Cléireachais

Ger Heffernan, Oifigeach Cléireachais

Maria Phelan, Oifigeach Cléireachais (ón 4 Aibreán 2022)

**Oifigigh Oideachais:**

John Behan

Paul Behan

Ciara Blennerhassett

Michelle Bolger (ón 1 Meán Fómhair 2022)

Fred Boss

Rachael Byrne (ón 1 Meán Fómhair 2022)

Donna Carolan

Frank Chambers (ón 1 Meán Fómhair 2022)

Tracy Curran

Mella Cusack (ón 1 Meán Fómhair 2022)

Lara Dabbagh

Mary Daly

Margaret Flood (go dtí an 2 Meán Fómhair 2022)

Michelle Geraghty (ón 1 Meán Fómhair 2022)

Annette Honan

Siobhán Keenan Fitzgerald (ón 23 Bealtaine 2022)

Maria Kelly

Patrick Kelly (ón 1 Meán Fómhair 2022)

David King

Rachel Linney

Hannagh McGinley

Ciarán Mooney (ón 1 Meán Fómhair 2022)

Diarmuid Mooney

John Moriarty

Deirdre Ní Fhearghail

Siobhán Ní Threasaigh (ón 1 Meán Fómhair 2022)

Dónal Ó Buachalla

Gillian O'Connor

Louise O'Reilly (go dtí an 4 Samhain 2022)

Ger O'Sullivan

Jacinta Regan (go dtí an 25 Eanáir 2022)

Tony Riley

Sinéad Ruane

Sharon Skehill (ón 1 Meán Fómhair 2022)

Sinéad Tuohy

Mary-Elaine Tynan

**Oifigeach Náisiúnta Forbartha Aistear:**

Lorraine Farrell

## Boird agus Grúpaí Forbartha

Déanann an Chomhairle dul chun cinn ar a cuid oibre trí raon Bord agus Meithleacha Forbartha a bhunaítear i gcomhar leis na heagraíochtaí a ndéanann an Chomhairle ionadaíocht ar a son agus le gníomhaireachtaí eile mar is cuí. In 2022 thionóil an Chomhairle xx cruinniú de na grúpaí sin agus bhí a bhformhór ar siúl ar líne mar gheall ar threoirlínte sláinte poiblí mar fhreagairt ar an bpaindéim. Tá liosta de na cruinnithe a reáchtáladh in 2022 le fáil in Aguisín a hAon.

## Airgeadas

Ba é €6,960,917 ioncam iomlán na Comhairle in 2022. Fuarthas croímhaoiniú dar luach €6,686,146 ón státchiste, tríd an Roinn Oideachais.

Clúdaíonn an maoiniú a leithdháiltear do CNCM na míreanna seo a leanas:

- Tuarastail na foirne
- Costais a bhaineann le fhoireann saineolaithe a choimisiúnú chun tacú le hobair na Comhairle
- Forbairt ghairmiúil
- Foilseacháin agus na meáin dhigiteacha, lena n-áirítear profáil, dearadh, grianghrafadóireacht, priontáil agus aistriúchán
- Taighde
- Costais a bhaineann le cruinnithe na Comhairle, a Bord agus a Meithleacha Forbartha, lena n-áirítear áiseanna comhdhála a fháil ar cíos agus costais taistil agus chothabhála
- Costais riaracháin amhail cothabháil agus trealamh oifige, stáiseanóireacht, postas, teileafón, cíos, soilsiú agus teas
- Costais a bhaineann le comhdhálacha agus imeachtaí CNCM
- Cothabháil agus forbairt TF
- Idirghníomhaíocht idirnáisiúnta lena n-áirítear táillí ballraíochta le haghaidh eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail CIDREE (Cuibhreannas d'Institiúidí um Fhorbairt agus Taighde Oideachais san Eoraip) agus *Association for Educational Assessment*, *Europe* (IAEA).
- Fógraíocht.

Foilseofar na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 nuair a chuirfidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste an t-iniúchadh bliantúil i gcrích.

# Aguisín 1: Cruinnithe CNCM in 2022

| Grúpa | Líon Iomlán na gCruinnithe |
| --- | --- |
| **Leibhéal na Luath-Óige agus Leibhéal na Bunscoile** | |
| Bord don Luath-Óige agus don Bhunscoil | 7 |
| Meitheal Forbartha le haghaidh Mhatamaitic na Bunscoile | 7 |
| Meitheal Forbartha OSPS/OCG, Bunscoil | 1 |
| Fóram Scoileanna | 5 |
| Ionduchtú Mheitheal Forbartha Bunscoileanna (Teanga, ETIM, OSI, Folláine and Ealaíona) | 1 |
| An Mheitheal Forbartha do Theanga sa Bhunscolaíocht | 1 |
| Meitheal Forbartha le haghaidh Oideachas ETIM na Bunscoile | 1 |
| Meitheal Forbartha le haghaidh Oideachas Sóisialta agus Imshaoil na Bunscoile | 1 |
| Meitheal Forbartha le haghaidh Folláine na Bunscoile | 5 |
| Meitheal Forbartha le haghaidh Ealaíona na Bunscoile | 1 |
| Painéal Comhairleach Bunscoileanna | 8 |
| **Iar-bhunscoil** | |
| An Bord don tSraith Shóisearach | 5 |
| An Bord don tSraith Shinsearach | 5 |
| Grúpa Cleachtais Eolaíochta Talmhaíochta | 4 |

| | |
|---|---|
| Meitheal Forbartha le haghaidh Léann na Drámaíochta, na hAmharclannaíochta agus na Scannán de chuid na hArdteistiméireachta | 4 |
| Meitheal Forbartha le haghaidh Gníomhú ar son na hAeráide & Forbairt Inbhuanaithe de chuid na hArdteistiméireachta | 4 |
| Meitheal Forbartha le haghaidh Ghnó na hArdteistiméireachta | 4 |
| Meitheal Forbartha OSPS/OCG, Sraith Shóisearach | 5 |
| Meitheal Forbartha OSPS, Sraith Shinsearach | 2 |
| Meitheal Forbartha le haghaidh Oideachas Speisialta Iar-bhunscoile | 1 |
| Painéal Comhairleach ar an tSraith Shinsearach | 2 |
| Meitheal Forbartha na hIdirbhliana | 1 |
| **Trasearnála** | |
| Sainghrúpa Chultúr agus Stair an Lucht Siúil | 3 |
| Páistí atá faoi Choinneáil agus Páistí i gCúram Grúpa Comhairleach | 1 |
| **Líon iomlán na Meithleacha** | **24** |
| **Líon iomlán na gCruinnithe** | **79** |

## Aguisín 2: Cuir i láthair CNCM (rogha) in 2022

Tá rogha de na cuir i láthair agus na páipéir a cuireadh ar fáil, agus na ceardlanna a d'éascaigh foireann CNCM in 2022 le fáil sa tábla thíos.

| Imeacht/Eagraíocht | Téama/Teideal |
|---|---|
| CIDREE (Cuibhreannas d'institiúidí um Fhorbairt agus Taighde Oideachais san Eoraip) | Cáilíocht in Oideachas agus Cúram Luathóige |
| Todhchaí an Aontais Eorpaigh (Ollscoil Luimnigh, ar chomóradh 50 bliain an Aontais Eorpaigh) | An Eoraip i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna |
| Comhdháil Bhliantúil Chumann Mhúinteoirí Staidéar Gnó na hÉireann | Gnó na hArdteistiméireachta a athfhorbairt |
| An Cumann do Mheasúnú Oideachais, an Eoraip | Físeanna nua le haghaidh an Mheasúnaithe in Am Neamhchinnte |
| Gréasán OSPS | Torthaí ón 'Athbhreithniú ar OCG i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna', agus forbhreathnú ar uirlisí OSPS/OCG do bhunscoileanna |
| Oideachas Gnéasachta Cuimsitheach: Malartú agus Cruinniú Lucht Ceaptha Beartais ó Mheiriceá Laidineach, RA & Éire | Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta in Éirinn |
| Tionscadal na Múinteoirí Imirceacha | CNCM agus a Churaclam agus obair Mheasúnachta |
| Luath-Óige Éireann | Seimineár Spotsolais ar Aistrithe |
| Scoileanna ROS um Fheabhas | Ag tacú leis an aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil |
| Comhdháil Bhliantúil Chomhairleoirí Treorach na hÉireann | Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí |

| | |
|---|---|
| Ag Féachaint chun Ionchuimsiú a Thuiscint (Tionscadal Erasmus+) | Ionchuimsiú i mBeartas Oideachais na hÉireann |
| Ag Féachaint chun Ionchuimsiú a Thuiscint (Tionscadal Erasmus+) | Nuashonruithe ar ionchuimsiú i mBeartas Oideachais na hÉireann |
| Cuairt an Leasmhéara agus na Toscaireachta Oideachais ar Bhaile Átha Cliath | Córas Oideachais na hÉireann agus ról CNCM san fhorbairt curaclaim |
| Comhdháil Oideachais Chumann Múinteoirí Éireann | Treoir maidir le hUllmhúchán i gcomhair Teagaisc agus Foghlama (ceardlann) |
| Cumann Léann Oideachais na hÉireann (ESAI) | Treoir maidir le hUllmhúchán i gcomhair Teagaisc agus Foghlama (cur i láthair) |
| Máistreacht san Oideachas, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath | Cé hiad CNCM agus céard a dhéanaimid? |
| Seimineár Gréasáin INTO ar Ullmhúchán Ranga | Treoir maidir le hUllmhúchán i gcomhair Teagaisc agus Foghlama - Seoladh an Leabhráin Getting Started |
| Comhdháil Bhliantúil Bhord Oideachais agus Oiliúna na hÉireann | Doras oscailte ar an bhFeabhas: An fáth a bhfuil Ilchineálacht Tábhachtach |
| An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais | Treoir Idirchultúrtha CNCM a úsáid chun ionchuimsitheacht agus comhionannas a chur chun cinn don Lucht Siúil i scoileanna agus seomraí ranga in Éirinn |
| Comhdháil Bhliantúil an Chuibhreannais um Oideachas Eolaíochta Sóisialta | Forbairtí san Oideachas don Lucht Siúil |

# Aguisín 3: Tuarascáil ar nochtadh cosanta

Chuir CNCM nósanna imeachta i bhfeidhm chun nochtadh cosanta a dhéanamh, agus forbraíodh na nósanna imeachta sin i gcomhréir leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, agus d'fhaomh an Chomhairle iad. Leagtar amach iontu mioneolas ar an bpróiseas faoinar féidir nochtadh cosanta a dhéanamh agus gach a tharlóidh nuair a dhéantar nochtadh.

Tá tiomantas láidir ag CNCM do chinntiú go spreagann, go n-éascaíonn agus go dtacaíonn an cultúr agus an timpeallacht oibre inti le gach uile fhostaí agus gach duine atá bainteach le hobair CNCM le 'labhairt amach' faoi aon fhadhb a d'fhéadfadh cur isteach ar chumas na Comhairle a róil agus a freagrachtaí a chomhlíonadh ar an ardchaighdeán lena mbítear ag súil leis.

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL NA COMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA I gCOMHRÉIR LE hALT 22 DEN ACHT UM NOCHTADH COSANTA, 2014

Ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina leagtar amach an líon nochtaí cosanta a fuarthas sa bhliain roimhe sin agus an gníomh a glacadh ina leith (má glacadh aon ghníomh). Níor cheart go mbeifear in ann daoine a dhéanann nochtadh a aithint mar thoradh ar an tuarascáil seo.

**Tuarascáil CNCM don bhliain 2022**

| An bhliain lena mbaineann an Nochtadh | Nochtadh nó Nochtadh ar Bith |
|---|---|
| 2022 | Nochtadh ar Bith |

# Aguisín 4: An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## Raon na Freagrachta

Aithním, thar ceann na Comhairle Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), freagracht na Comhairle le háirithiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Cuireann an Chomhairle na ceanglais atá uirthi faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh sa fhreagracht sin.

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Dearadh, leabaíodh agus forfheidhmíodh an córas rialaithe inmheánaigh le cuidiú le hobair agus rialachas corparáideach na heagraíochta a bhainistiú go caighdeán cuí. Dearadh é le rioscaí a bhainistiú go leibhéal atá cuibheasach ach ní féidir leis deireadh iomlán a chur le rioscaí. I mbeagán focal, ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta, agus ní absalóideach, a sholáthar go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbheartaí údaraithe agus taifead cuí orthu, agus go ndéantar aon earráid ábhartha nó neamhrialtachtaí a chosc nó a aimsiú go tráthúil agus a leasú/a bhainistiú ansin.

## CNCM agus an Córas Rialaithe Inmheánaigh

Tugann an Chomhairle faoina hobair ag leagan spriocanna agus gníomhaíochtaí straitéiseacha amach agus ag déanamh cinntí straitéiseacha i ngach réimse dá cuid oibre. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta freagrach as bainistíocht, rialú agus treoir laethúil CNCM. Cloíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta leis an treoir straitéiseach leathan a shonraíonn an Chomhairle agus áirithíonn siad go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach duine de chomhaltaí na Comhairle ar na príomhghníomhaíochtaí agus na cinntí a bhaineann leis an gComhairle agus ar aon riosca suntasach a d’fhéadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar idirghabhálaí díreach idir an Chomhairle agus lucht bainistíochta CNCM. Oibríonn an fhoireann bainistíochta ansin le foireann Stiúrthóirí (Curaclam agus Measúnú) agus le foirne earnála ar a bhfuil Oifigigh Oideachais agus an Fhoireann Seirbhísí Corparáideacha chun an Plean Straitéiseach agus Plean Oibre Bliantúil na Comhairle a chur i bhfeidhm, agus iad ag obair laistigh de na rialuithe a leagtar amach chun obair na heagraíochta a bhainistiú agus cáilíocht obair na Comhairle a chinntiú.

Cuireann CNCM comhairle ar fáil don Aire Oideachais maidir le cúrsaí a bhaineann leis an gcuraclam don oideachas luath-óige, do bhunscoileanna agus d’iar-bhunscoileanna, agus na nósanna imeachta measúnachta a úsáidtear i scoileanna agus scrúduithe in ábhair atá mar chuid

den churaclam. Forbraítear an chomhairle sin trí Thaighde, Comhairliúchán, Machnamh agus Líonrú. Tá córais rialaithe cáilíochta i bhfeidhm chun an chomhairle sin a fhorbairt:

- neartaíonn fianaise thaighde, cleachtadh maith agus taithí idirnáisiúnta an chomhairle sin
- bíonn an chomhairle sin bunaithe ar na cainteanna agus ar an bplé a bhíonn ag an gComhairle lena Boird agus Meithleacha Forbartha
- bíonn tionchar ag an aiseolas a fhaightear ó chomhairliúcháin leis an bpobal, scoileanna, suíomhanna luathóige, leasanna oideachasúla agus dreamanna eile ar an gcomhairle
- tugann líonraí scoileanna agus suíomhanna luathóige aiseolas ar na smaointe agus cuir chuige éagsúla atá á bhforbairt agus cuireann siad samplaí praiticiúla ar an bhfoghlaim agus an teagasc agus ar obair an scoláire ar fáil.

Cuidíonn siad sin uile le háirithiú go bhfuil rialuithe éifeachtacha i bhfeidhm maidir le cáilíocht na comhairle curaclaim agus measúnachta atá i gcroílár obair na Comhairle.

Tá beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag CNCM a scaiptear ar an bhfoireann. Áirítear leo sin beartais ar airgeadas, Acmhainní Daonna, soláthar agus bainistiú riosca. Tá córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta, atá ceangailte le socruithe bainistíochta líne, i bhfeidhm don fhoireann agus tá foráil le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach mar chuid de.

Tá CNCM á maoiniú go príomha ag an Roinn Oideachais. Tá an Chomhairle freagrach as an bPlean Oibre bliantúil agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh, agus leithdháiltear agus caitear cistí de réir thosaíochtaí na Comhairle. Ullmhaíonn an gnólacht cuntasaíochta Harney Nolan Business Advisors ráitis airgeadais bhliantúla na Comhairle agus tá siad faoi réir iniúchadh seachtrach a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tugann an Chomhairle faoi athbhreithniú éifeachtachta ar bhonn rialta.

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle luach ar airgead a fháil dá ceannacháin agus macántacht a chinntiú ina pleanáil agus a nósanna imeachta soláthair, nósanna imeachta a fheidhmíonn i gcomhréir le beartas soláthair an rialtais.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm ag CNCM don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 agus go dtí an dáta a faomhadh na ráitis airgeadais.

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag CNCM ar a bhfuil ceathrar comhaltaí de chuid na Comhairle agus comhalta seachtrach amháin ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ar bhainistíocht na heagraíochta. Go háirithe, féachann an Coiste lena chinntiú go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Bhuail an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile 7 n-uaire in 2022.

## Rialú Inmheánach

Bhunaigh CNCM feidhm iniúchta inmheánaigh freisin a thugann faoi chlár oibre a chomhaontaítear leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Cuirtear an obair a bhaineann leis an iniúchadh inmheánach amach ar conradh agus ba é Crowleys DFK a rinne athbhreithniú ar na rialuithe inmheánacha in 2022 agus a thuairiscigh don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Is é cuspóir an athbhreithnithe urrús a chur ar fáil do CNCM agus dá bpáirtithe leasmhara maidir le leorgacht agus éifeachtacht chreat rialaithe CNCM an oiread is go bhfuil an Chomhairle ag comhlíonadh na bpróiseas atá i bhfeidhm chun an trédhearcacht, an rialtacht, agus cuibheas a chinntiú.

San Athbhreithniú Ardleibhéil ar Éifeachtacht Rialuithe Inmheánacha, 2022, a réitigh Crowleys DFK, tarraingíodh aird ar neart gnéithe dearfacha agus príomhláidreachtaí de thimpeallacht rialaithe inmheánaigh CNCM, lena n-áirítear an scil, inniúlacht agus taithí atá ag baill foirne a shanntar do thascanna airgeadais.

Léiríonn torthaí an iniúchta gur féidir urrús réasúnta a chur ar leorgacht agus éifeachtacht oibriúcháin rialuithe chun rioscaí airgeadais a mhaolú agus/nó a bhainistiú darbh féidir go mbeidh CNCM nochta.

Níor thuairiscigh na hiniúchóirí aon torthaí a raibh rátáil ardtosaíochta ag baint leo. Léirigh siad an tuairim gur cheart go gcinnteodh gnáthmhaoirseacht bhainistíocht leanúnach, in éineacht le réiteach aon torthaí a luaitear sa tuarascáil, go bhfanfaidh an riosca rialachais íseal.

Moladh roinnt gnéithe rialaithe nach mór aird a thabhairt orthu in 2022, lena n-áirítear 2 thoradh mheánacha agus 3 thoradh ísle lena n-áirítear nósanna imeachta agus/nó cáipéisíocht a bhaineann le hacmhainní seasta agus soláthar. Chomh maith leis sin, sainaithníodh roinnt nithe le lua go sonrach sa Tuarascáil Chuimsitheach Bhliantúil don Aire.

Táthar ag dul i ngleic le moltaí na tuarascála sa chomhthéacs sin faoi láthair agus réiteofar na hábhair a tháinig chun cinn inti le linn 2023.

Chomh maith leis sin, réiteoidh CNCM aon saincheisteanna a sainaithníodh san iniúchadh seachtrach. Déanfaidh lucht bainistíochta CNCM monatóireacht ghéar ar na cúrsaí seo agus déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca maoirseacht ar an obair leantach a bhaineann leis na míreanna a tháinig chun cinn ón iniúchadh inmheánach agus seachtrach agus déanfaidh sé athbhreithniú ar a dhul chun cinn.

Cuirtear acmhainní ar fáil don iniúchadh inmheánach, mar is gá, i bhfianaise an méadú atá ag teacht ar ghníomhaíocht agus méid na heagraíochta tríd is tríd.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá beartas bainistíochta riosca ag CNCM ina n-áirítear ráiteas inghlacthachta riosca, an creat bainistíochta riosca, agus sonraí ar róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar an mbeartas bainistíochta riosca agus d'fhaomh comhairle CNCM é i Meitheamh 2022. Tá clár riosca i bhfeidhm ar a n-aithnítear nádúr na rioscaí do CNCM agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a suntasachta. Déanann an príomhoifigeach riosca, na húinéirí riosca, lucht bainistíochta agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an clár riosca a athbhreithniú agus monatóireacht ar an mbainistíocht riosca ag gach ceann dá gcuid cruinnithe. Tá bainistíocht riosca ina hábhar ar chlár oibre gach cruinnithe de chuid na Comhairle freisin. Úsáidtear torthaí an athbhreithnithe chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh le háirithiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal cuí.

Roinntear na freagrachtaí idir an fhoireann uile sa bheartas agus i mbeartas bainistíochta riosca, lena n-áirítear an Príomhoifigeach Riosca, an Fhoireann Ardbhainistíochta, an Fhoireann Stiúrtha, Foireann na Seirbhísí Corparáideacha agus na hOifigigh Oideachais. Eisíodh an beartas don fhoireann uile agus táthar ag súil go n-oibreodh sí laistigh de bheartais bainistíochta riosca CNCM agus an lucht bainistíochta a chur ar an eolas faoi aon rioscaí nó laigí rialaithe a thagann chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe ina réimse oibre féin.

Sonraítear na rialuithe agus na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú ar an gclár riosca agus sanntar freagracht as feidhmiú na rialuithe do bhall foirne ar leith ann freisin. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- rinneadh gach ceann de na príomhnósanna imeachta ghnó a dhoiciméadú.
- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhréire.

- tá córas buiséadaithe feidhmeach ann agus buiséad bliantúil aige a leagtar amach i bPlean Oibre bliantúil CNCM, agus déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú leanúnach air agus cuirtear feabhsuithe i bhfeidhm air mar is cuí.
- tá córais ann agus á bhforbairt a bhfuil sé mar aidhm acu slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú.
- rinneadh na córais atá ann chun sócmhainní a chosaint a nuashonrú agus tá clár inchuardaithe sócmhainní agus conarthaí mar chuid de na córais sin agus sannadh na freagrachtaí áirithe
- cinntíonn nósanna imeachta rialaithe maidir le maoiniú deontais do ghníomhaireachtaí seachtrach, trí Chomhaontuithe ar Leibhéal Seirbhíse a úsáid, rialú sásúil ar fhaomhadh deontas agus monatóireacht agus athbhreithniú ar na deontaithe d'fhonn a áirithiú gur úsáideadh an maoiniú deontais don chuspóir dar bronnadh é.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil do na daoine atá freagrach as gníomh ceartaitheach a ghlacadh, agus don Lucht Bainistíochta agus don Chomhairle, nuair is cuí. Deimhním go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus na rialuithe a ghabhann leo agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus déantar tuairisciú ar aon easnaimh a aimsíodh
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal i measc na bhfoirne earnála, foirne tionscadal sonrach agus fhoireann na seirbhísí corparáideacha áit a bhfuil freagracht do bhainistíocht airgeadais sannta cheana féin
- tugtar faoi athbhreithnithe rialta ag cruinnithe den fhoireann bainistíochta ar fheidhmíocht ráithiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais, ina sonraítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamh-mheastachán, agus
- déanann an lucht ardbhainistíochta maoirseacht ar chur i bhfeidhm na moltaí a thagann chun cinn ó thuarascáil na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha.

## Tuarastail agus Pá

Íoctar baill foirne CNCM trí na córais phárolla arna reáchtáil ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC), an Roinn Oideachais (ROS), agus Boird Oideachais agus Oiliúna áirithe (BOOnna) mar seo a leanas:

- Íocann an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Párolla (ISCP), atá mar chuid de ONSC, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, státseirbhísigh bhunaithe agus roinnt ball foirne ar conradh.
- Íocann Párolla Múinteoirí Bunscoile agus Iar-bhunscoileanna ROS baill foirne ar iasacht ó bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.
- Íocann an BOO ábhartha fós baill foirne ar iasacht ó na BOOanna.
- Íocann CNCM go díreach as obair arna coimisiúnú ag speisialtóirí ábhair agus daoine eile le cabhair ó sholáthraí seirbhíse párolla (Smith and Williamson).

Baintear amach deimhniú maidir leis na rialuithe gaolmhara atá i bhfeidhm trí iniúchadh inmheánach agus seachtrach in CNCM agus na heagrais ghaolmhara. Tá Comhaontú Bainistíochta Seirbhísí Fostaithe, Meabhrán Tuisceana agus Comhaontú Próiseála Sonraí i bhfeidhm le ONSC.

## Soláthar

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle luach ar airgead a fháil dá ceannacháin agus macántacht a chinntiú ina pleanáil agus a nósanna imeachta soláthair, nósanna imeachta a fheidhmíonn i gcomhréir le beartas soláthair an rialtais.

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag CNCM chun comhlíonadh rialacha agus treoirlínte reatha maidir le soláthar a áirithiú.  Tá Plean Soláthair Chorparáidigh i bhfeidhm don tréimhse 2018–2021 agus tá plean nua á fhorbairt don tréimhse 2022-2025.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag CNCM chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta maidir le bainistiú agus rialú rioscaí.  Tá an obair a dhéanann an t-iniúchóir inmheánach, an t-iniúchóir seachtrach, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a n-obair, agus an fhoireann ardbhainistíochta in CNCM atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil, mar bhuntaca leis an monatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann CNCM ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Deimhním go ndearna an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2022. Thug an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca na torthaí ar athbhreithniú inmheánach agus thuairiscigh siad na torthaí ar a athbhreithniú don Chomhairle le machnamh a dhéanamh orthu.

Deimhním go ndearna an Chomhairle athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2022 ar (an 9 Feabhra, 2023). Bhí an t-athbhreithniú a rinne an Coiste mar bhonn eolais faoin athbhreithniú sin.

## Fadhbanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor aimsíodh aon laige sa rialú inmheánach in 2022 a chaithfear a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Seán Ó Foghlú

Cathaoirleach

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment